



gradireland

Le tacaíocht ó



Foras na Gaeilge

Do Ghairm le Gaeilge

gradireland.com

2026

arna chur i láthair ag do Sheirbhís Gairmeacha agus arna fhoilsiú ag

AHECS

agus

gti

Le tacaíocht ó

 Foras na Gaeilge

**Do Ghairm
le Gaeilge**



Do Ghairm le Gaeilge

DO GHAIRM LE GAELIGE

- 2 Seo chugat do ghairm le Gaeilge
- 4 Post a fháil
- 6 CV Samplach

RÉIMSÍ OIBRE

- 8 Na meáin
- 12 Aistriúchán agus ateangaireacht
- 15 An earnáil phríobháideach
- 17 Cultúr: na healaíona, oidhreacht agus teanga
- 20 An earnáil phoiblí

LEIDEANNA AGUS COMHAIRLE

- 24 5 leid: ag lorg post le Gaeilge
- 25 Comhairle agallaimh do phost le Gaeilge

PRÓIFÍL CÉIMITHE

- 26 Próifíl céimithe

OILIÚINT AGUS FORBAIRT

- 33 Cúrsaí oiliúna agus iarchéime
- 35 Cúrsaí iarchéime agus scéimeanna oiliúna
- 39 Obair dheonach



Tá gradireland Do Ghairm le Gaeilge foilsithe ag Cumann Seirbhísi Gairmeacha Ardoideachais in Éirinn agus ag GTI Futures Teo (Éire).

Ba mhian linn buíochas a ghabháil le gach seirbhís gairmeacha tríú leibhéal i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann agus lenár gcomhpháirtithe foilsitheoireachta AHECS as ucht a gcuidithe leis an bhfoilsíocht seo.

GTI Éireann
14-16 Sráid an Tiarna Eadbhard
Baile Átha Cliath
D02 YC63
Éire
Teil +353 (0)1 645 1500
ríomhphost contact@gradireland.com
sulomh.groupgti.com

© Feabhra 2025 Cumann Seirbhísi Gairmeacha Ardoideachais in Éirinn agus GTI Futures Teo. (Éire). Gach ceart ar cosaint. Níl sé ceadmhach aon chuid den fhoilsíocht seo a chur in athchlió. Tá sé seo faoi réir eisceacht aonair na fótochóipeála ag ballinstitiúidí an Chumainn Seirbhísi Gairmeacha Ardoideachais. Ba cheart na míreanna go léir a úsáidtear a admháil go hiomlán. Is ionann na tuairimí a chuirtear in iúl in ailt agus tuairimí an údair agus ní gá go maíonn a bhfoilsíú gur tuairimí na Seirbhísi Gairmeacha Ardoideachais agus GTI iad freisin. Cé gur tugadh gach aire le linn thiomsú an fhoilsíocháin seo, ní féidir leis an údair agus na foilsitheoirí aon fhreagracht a ghlocahadh as aon mhíchruinnis ná aon chaillteanas iarmhartach a thagann as na míchruinnis sin, ná as aon chaillteanas eile, bíodh sé díreach nó iarmhartach, a thagann chun cinn i gceangal le faisnéis san fhoilsíocht seo.

@gradireland



Seo chugat do ghairm le Gaeilge


Gairmeacha le Gaeilge

Tá cuid mhór féidearthachtaí ann maidir le gairmeacha beatha do chéimithe ar cainteoirí líofa Gaeilge iad. Is éagsúil iad na deiseanna atá ar fáil in earnálacha ar nós na meán cumarsáide, teicneolaíocht faisnéise, margaíocht, díolachán, san earnáil dheonach, san earnáil phoiblí agus sna healaíona gan ach cuid acu a lua. I nDaonáireamh na hÉireann 2022, chuir 40 faoin gcéad den phobal in iúl go raibh Gaeilge acu.

Chun tairbhe a bhaint as na deiseanna seo, ní gá staidéar a bheith déanta ar an nGaeilge ag an tríú leibhéal. Is iad na tréithe is tábhachtaí chun post a fháil ina mbeifé in ann úsáid a bhaint as do chuid Gaeilge ná diongbháilteacht chun an teanga a úsáid agus an cumas chun fostóirí agus teagmhálaithe a aithint atá in ann an deis seo a sholáthar, is cuma cén disciplín céime atá agat.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil na deiseanna gairmeacha seo teoranta do cheantair Ghaeltachta. De réir a chéile tá cuid mhór gnólachtaí in Éirinn ag dul i dteagmháil le hearnáil na Gaeilge chun a réimse sa mhargadh a fhairsingiú.

Ó foilsíodh an chéad eagrán den leabhrán seo, tá cuid mhór teideal nua post ann, rud a léiríonn forbairtí sna meáin, sna meáin shóisialta agus in earnáil na teicneolaíochta faisnéise (TF). Tá tuilleadh faisnéise faoi na réimsí éagsúla oibre ar leathanaigh 8–23. Tá éileamh mór ann go fóill i réimsí an aistriúcháin, agus i ról riaracháin san AE. Meastar go mbeidh tuilleadh fáis san oideachas (gach gné de), mar gheall ar threochtaí déimeagrafacha.



Do chuid scileanna a fhorbairt

Cabhraíonn taithí phraiticiúil le réimse scileanna a fhorbairt. Áirítear le taithí gníomhaíochtaí trí chlubanna agus cumainn mhac léinn agus obair dheonach chomh maith le hobair chúitithe agus obair neamhchúitithe.

Tá rogha leathan cúrsaí iarchéime ar fáil anois trí mheán na Gaeilge do mhic léinn ar mian leo cur lena gcuid léinn agus a mbunchéim a chomhlánú le heolas agus le scileanna breise. Moltar do chéimithe na hacmhainní ar líne atá molta sa leabhrán seo a úsáid agus fanacht ar an eolas faoi na meáin Ghaeilge agus faoi acmhainní eolais. Cabhróidh sé seo le tuiscint a fhorbairt ar na hearnálacha áirithe agus ar na deiseanna atá ar fáil.

Féach leathanaigh 41–46 le haghaidh eolas faoi staidéar iarchéime.

An raibh a fhios agat?

- Cuid shuntasach de Chomhairle Bharra na hÉireann is ea abhcóidí a bhfuil Gaeilge acu agus tá breis agus 202 duine acu cláraithe mar líofa sa Ghaeilge nó in ann a gcuid oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.
- Tá 232 aistritheoir ar a laghad ag obair trí mheán na Gaeilge agus iad ceadúnaithe ag Foras na Gaeilge.
- In 2024, bhí 370 bunscoil agus meánscoil lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta ann.
- Tá cuid mhór deiseanna poist do thaighdeoirí, léiritheoirí, iriseoirí, agus speisialtóirí sa teicneolaíocht faisnéise agus deiseanna teicniúla eile dátheangacha i réimse na meán craolacháin.
- Tá deiseanna ann d'aisteoirí agus scríbhneoirí a bhfuil Gaeilge acu, go háirithe i gcláir atá coimisiúnaithe don teilifís.
- Tá go leor cainteoirí Gaeilge fostaithe ag comhlachtaí caidrimh phoiblí toisc gur gá don chliant ionadaíocht a bheith acu sna meáin Ghaeilge agus toisc nach mór riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh.
- Is minic a fhógraíonn an tAontas Eorpach ar láithreán Gréasáin EPSO comórtais atá ag teacht maidir le poist san AE, lena n-áirítear poist mar dhlítheangeolaithe.
- Tá méadú ag teacht ar an éileamh atá ar mhúinteoirí Gaeilge thar lear. Tá scoláireachtaí ar fáil dóibh siúd ar spéis leo taisteal go Meiriceá agus go Ceanada.

An Ghaeilge a úsáid i do shaol oibre – deich leid

- Bain úsáid as seirbhísí gutháin póca trí mheán na Gaeilge, mar shampla, córas Samsung nó WhatsApp.
- Roghnaigh brabhsálaí gréasáin i nGaeilge ar nós Mozilla Firefox.
- Léirigh eolas ar d'earnáil trí scileanna na meán digiteach a úsáid, m.sh. blog a choinneáil. Rachaidh tú i bhfeidhm ar do phiaraí agus ar na fostóirí a d'fhéadfadh a bheith agat.
- Déan cinnte de go bhfuil do chumas Gaeilge léirithe ar do phróifíl LinkedIn.
- Bíodh 'Cuirtear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge' ar do ríomhphoist.
- Bain úsáid as teachtaireacht ghutháin atá

Cá bhféadfainn post a fháil?

Tá deiseanna ar fáil ar fud na hÉireann, go háirithe sna ceantair Ghaeltachta, i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste, agus i nDoire.

Tá deiseanna oibre ann thar lear, go háirithe sa Choimisiún Eorpach. I réimse theagasc na Gaeilge, tá deiseanna ann i Meiriceá Thuaidh agus i dtíortha san AE.

Féach leathanaigh 8–23 le haghaidh sonraí maidir le hearnálacha éagsúla oibre. ●



dátheangach, nó abair 'Go raibh maith agat' ag an deireadh.

- Ceannaigh *Fáinne*. Is pionna beag é seo a léiríonn leibhéal líofachta agus toilteanas Gaeilge a labhairt. Tá siad seo ar fáil ó Ghael Linn.
- Mol gur cheart go ndéanfaí an Ghaeilge a chur san áireamh i straitéis mhargaíochta nó in ábhar poiblíochta d'eagraíochta.
- Déan tairiscint ionadaíocht a dhéanamh (más iomchuí) ar son d'eagraíochta ar chlár náisiúnta Ghaeilge ar an teilifís agus ar an raidió, nó déan ábhar a sholáthar as Gaeilge do na meáin.
- Léigh Tuairisc.ie, Nós (www.nos.ie), An Páipéar (www.anpáipéar.ie) nó Scéal.ie.

Post a fháil

Nithe ar chóir machnamh a dhéanamh orthu agus tú ar lorg poist a bhainfeadh úsáid as do chuid scileanna Gaeilge.

Agus tú ag roghnú an phoist ar mhaith leat cur isteach air, déan do mhachnamh ar an méid Gaeilge ba mhaith leat a úsáid ar bhonn laethúil. Bíonn eagraíochtaí áirithe ag feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge, agus déanann cuid eile an Ghaeilge a chur san áireamh i gcomhthéacs an Bhéarla go príomha. Más mian leat thú féin a thumadh ar fad sa teanga, díriú ar eagraíochtaí Gaeilge, ar na meáin Ghaeilge nó ar eagraíochtaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht. Más mian leat rud beag Gaeilge a úsáid, aimsigh eagraíochtaí a bhfuil eagraíochtaí Gaeilge mar chliant acu nó a bhfuil spéis ag a mbainistíocht shinsearach sa teanga.

Iarratais agus agallaimh

Faigh amach cé acu ar chóir do d'iarratas a bheith i nGaeilge agus cén teanga trína ndéanfar an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin. Is riachtanach go mbeidh an litriú ar do CV cruinn (sna leaganacha Gaeilge agus Béarla). Tá roinnt seiceálaithe litrithe agus gramadaí ar fáil don Ghaeilge:

Tá forlíontáin Ghaeilge saor in aisce do Firefox, LibreOffice agus Thunderbird; tá seiceálaí ar fáil ag Microsoft Word; nó is féidir Gaelgram a cheannach le haghaidh PC, Mac agus fóin. Murar féidir leat rochtain a fháil ar na táirgí seo, iarr ar dhuine éigin profaí a léamh ar do CV sula seolfaidh tú ar aghaidh é.

Féach leathanaigh 6–7 le haghaidh CV samplach ina léirítear an spéis agus an cumas atá ag an iarratasóir sa Ghaeilge.

Nuair a thugtar cuireadh duit chun agallaimh, faigh amach cén teanga a dhéanfar an t-agallamh tríd, an Ghaeilge nó an Béarla, agus cé acu a bheidh nó nach mbeidh tástáil scríofa i gceist leis.



Fan ar an eolas faoin earnáil trí shuíl a choinneáil ar na meáin Ghaeilge. Déan cleachtadh ar théarmaíocht ábhartha ar bith. Áirítear le hacmhainní úsáideacha teanglann.ie, foclóir.ie, tearma.ie, corpas.ie agus potafocal.com. Chun tuilleadh leideanna a fháil maidir leis an CV agus le hagallaimh, féach ar an lámhleabhar [gradireland](http://gradireland.com) agus gradireland.com, nó déan teagmháil leis an tseirbhís gairmeacha i do choláiste.

Folúntais a aimsiú

Is féidir le ballraíocht le láithreán líonraithe proifisiúnta ar nós LinkedIn.com a bheith ina chuidiú. Acmhainn úsáideach is ea na meáin shóisialta le haghaidh folúntais phoist: Déantar cuid mhór post a fhógairt faoi na haischlibeanna #jobfair, #siógnabpost agus #folúntais, agus is minic a phostálann eagraíochtaí agus daoine aonair naisc chuig poist ar a gcuntais.

Déantar folúntais a fhógairt ar an suíomh nuachta Gaeilge tuairisc.ie agus ar an suíomh eolais Scéal.ie.

Taithí oibre, socrúcháin agus intéirneachtaí

Cuireann cuid mhór eagraíochtaí taithí oibre struchtúrtha ar fáil i gcomhair le cúrsaí coláiste agus cuireann cinn eile cláir íoctha intéirneachta ar fáil. Nuair nach mbíonn intéirneachtaí den sórt sin ar fáil, is féidir leat deis a thapú thú féin a chur chun cinn. Socraigh ar an ngairm bheatha a bhfuil spéis agat

ann, agus fiosraigh an féidir taithí a fháil laistigh d'eagraíocht ina mbeadh líofacht sa Ghaeilge ina buntáiste.

Cuireann eagraíochtaí sna hearnálacha seo a leanas fáilte roimh iarratais:

■ **Foilsitheoireacht:** Is fiú go mór litir mhínithe agus CV a chur chuig eagraíochtaí ar nós Publishing Ireland (Foilsíú Éireann) agus Children's Books Ireland. Tá tithe foilsitheoireachta áirithe ann ar nós Chló Iar-Chonnacht, Futa Fata, Éabhlóid agus An Gúm. Is cuideachtaí beaga iad seo den chuid is mó agus is fiú teagmháil a dhéanamh leo chun taithí oibre a fháil, óir féadann mic léinn a bheith ag súil le bheith páirteach i gcuid mhór gnéithe éagsúla den phost.

■ **Na meáin:** Thosaigh cuid mhór daoine cáiliúla sna meáin Ghaeilge ag obair go deonach i stáisiúin raidió, i stáisiúin teilifíse agus i nuachtáin ar fud na tíre. Tá sé rithabhachtach teagmháil a dhéanamh agus cur le do bhonn scileanna. Tá taithí oibre ina dóigh iontach chun é sin a dhéanamh.

■ **Eagraíochtaí Gaeilge:** I measc na n-eagraíochtaí Gaeilge tá sé cheanneagraíocht maoinithe ag Foras na Gaeilge agus tá siad freagrach as réimsí áirithe oibre: Gaeloideachas (www.gaeloideachas.ie), Gael Linn (www.gael-linn.ie), Glór na nGael (www.glornangael.ie), Oireachtas na Gaeilge (www.antoireachtas.ie), Conradh na Gaeilge (www.cnag.ie) agus Cumann na bhFiann (www.colaistenabhfiann.ie).

■ **Cuideachtaí príobháideacha:** D'fhéadfadh baint a bheith ag na cuideachtaí seo le hearnáil ar bith, na meáin, foilsitheoireacht, TF agus oideachas ina measc. Tá réimse leathan post ar fáil le comhlachtaí príobháideacha dóibh siúd a bhfuil Gaeilge acu, go háirithe sna Gaeltachtaí.

■ **Na healaíona:** Tugann féilte bliantúla deiseanna iontacha chun an taithí chuí, idir íoctha agus neamhioctha, a fháil i réimsí ar nós bainistíocht imeachtaí, riaracháin agus léiriúcháin.

Ó am go chéile déantar socrúcháin le himeachtaí ar nós Oireachtas na Samhna agus na Féile Pan-Cheiltí a fhógairt trí ghairmsheirbhísí na gcoláistí. Is iondúil, áfach, nach ndéantar iad a fhógairt agus faigheann cuid mhór iarratasóirí a gcuid socrúcháin féin trí theagmhálaithe atá déanta ar bhonn sóisialta agus trí dheiseanna a fhiosrú.

Scéimeanna oifigiúla taithí oibre

Fiontar OCBÁC: Reachtálann Fiontar Ollscoil Chathair Bháile Átha Cliath (OCBÁC) scéimeanna

intéirneachta agus cuireann sé taithí oibre ar fáil atá oscailte do chéimithe i ngach disciplín, go háirithe i réimse an taighde. Tá páirt glactha ag céimithe áirithe i bhfoirne tionscadail taighde, ag obair ar thionscadail ar nós tearma.ie agus logainm.ie.

Údarás na Gaeltachta: Go minic bíonn scoláireachtaí agus intéirneachtaí ar fáil i réimsí éagsúla: pleanáil teanga, margaíocht agus cuntasáíocht ina measc.

An Coimisiún Eorpach: Cuireann an Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin sa Choimisiún Eorpach intéirneachtaí ar fáil do chéimithe a mhaireann cúig mhí, le dhá iontógáil gach bliain. Cuireann an Coimisiún cúrsaí oiliúna den chineál céanna ar fáil i gcúrsaí riaracháin freisin. Ní mór eolas an- mhaith a bheith ag iarratasóirí ar dhá theanga de chuid an AE le bheith i dteideal cur isteach air seo. ●

Acmhainní

Folúntais

- gradireland.com Folúntais agus comhairle faoi ghairmeacha
- Tuairisc www.tuairisc.ie Seirbhís nuachta do phobal na Gaeilge in Éirinn agus thar lear
- Scéal www.scéal.ie Réimse leathan eolais faoi imeachtaí, folúntais, ranganna Gaeilge, gnóthaí agus eagraíochtaí le Gaeilge, agus go leor eile
- Poist sa Rialtas Áitiúil www.localgovernmentjobs.ie Folúntais leis an rialtas áitiúil
- Láithreán Gréasáin Earcaíochta Státseirbhís Thuaisceart Éireann irecruit-ext.hrconnect.nigov.net
- An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí www.publicjobs.ie
- Gréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí www.greasangaeilge.ie
- EducationPosts.ie www.educationposts.ie Láithreán Gréasáin earcaíochta oideachais

Acmhainní eile

- Téarma www.tearma.ie Bunachar Sonraí Téarmaíochta Náisiúnta
- Teanglann.ie www.teanglann.ie, www.foclóir.ie Foclóirí ar líne
- Údarás na Gaeltachta www.udaras.ie Údarás Réigiúnach na Gaeltachta
- Foras na Gaeilge www.gaeilge.ie Eagraíocht trasteorann chun an Ghaeilge a chur chun cinn www.forasnagaeilge.ie (suíomh corparáideach)

CV samplach

Aisling Ní Cheallaigh
19 Bóthar Charlemont
Cluain Tarbh
Baile Átha Cliath

Teil: 01 2827390
Ríomhphost: aisling.nicheallaigh@gmail.com
Próifíl LinkedIn: ie.linkedin.com/a-ni-cheallaigh

OIDEACHAS

2020–2022

MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais
Fiontar DCU

Toradh: Onóracha 2.1

Modúil Ábhartha: Bainistíocht Straitéiseach Margaíochta, Bainistíocht Tionscadail, Ceannaireacht, Bainistíocht Acmhainní Daonna, Na hIlmhéain, Modhanna Taighde
Ábhar Tráchtais: Fógraíocht agus Margadh na Gaeilge

2017–2020

BA Gnó agus Cumarsáid
IT na Gaillimhe–Mhaigh Eo, Gaillimh

Toradh: Onóracha 2.1

Ábhair Ábhartha: Teicneolaíocht Faisnéise Gnó, Ríomhaireacht, Eacnamaíocht, Margaíocht agus Cumarsáid

Taithí Oibre: Seimeastar amháin leis an gcraoltóir náisiúnta TG4 in 2008/09

2012–2017

An Ardeistiméireacht
Coláiste na nDoiminiceach, Gaillimh

Torthaí: Gaeilge A1, Béarla B3, Fraincis A2, Matamaitic B2, Gnó A1, Tíreolaíocht C1, Bitheolaíocht C2

CÚLRA FOSTAÍOCHTA

Meán Fómhair 2020 go dtí an lá inniu

Feidhmeannach Margaíochta
Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath

- Teagmháil agus líonrú a dhéanamh le comhghleacaithe, le heagraíochtaí is comhpháirtithe, leis na meáin agus leis an bpobal
- Deiseanna fógraíochta a aimsiú
- Táirgeadh ábhar margaíochta lena n-áirítear pinn, bileoga agus greamaitheoirí a bhainistiú
- Preasráitis a scríobh agus a phrofléamh
- Imeachtaí ar nós Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge a eagrú ar fhreastail breis agus 500 duine uirthi
- Úsáid líonraithe shóisialta san eagraíocht a fhorbairt. Tháinig méadú 15% ar thrácht chuig an láithreán gréasáin le linn sé mhí mar thoradh ar an bhforbairt seo.
- Comhordaitheoir ar an scéim ‘Is Leor Beirt’ (líonra náisiúnta de chiorcail chomhrá Ghaeilge).

Meitheamh–Lúnasa 2019

Comhordaitheoir ar Cholaístí Samhraidh
Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath

- Rinne mé comhordú ar an bhfeachtas Glac Leis a spreag agus a chumasaigh daoine i ngach réimse/earnáil chun seirbhísí trí mheán na Gaeilge a úsáid.

Meán Fómhair 2018–Bealtaine 2019

Cúntóir Tionscadail
Maithú IT Solutions, Baile Átha Cliath

- Mar chuid d’fhoireann cúigir, d’oibrigh mé ar Get the Focal a fhorbairt (Aistritheoir Gaeilge–Béarla le haghaidh do ghutháin phóca)
- Rinne mé forbairt bhreise ar an táirgeadh seo, a raibh forbairt aipe mar thoradh air, atá ar fáil le híoslódáil ar iTunes

Samhradh 2018

Intéirneach Margaíochta
Gaillimh le Gaeilge

- Freagrach as teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe, le custaiméirí agus leis an bpobal i gcoitinne
- D’fhreastail mé ar imeachtaí agus chuidigh mé lena n-eagrú
- Bhunaigh mé láithreáin líonraithe sóisialta le haghaidh na cuideachta

OB AIR DHEONACH

2019 go dtí an lá inniu

Craoltóir Raidió/Léiritheoir
Raidió na Life, Baile Átha Cliath

- Bhí mé i mo láithreoir agus i mo léiritheoir ar I mbun ghnó, clár seachtainiúil gnó agus cúrsaí reatha
- Léirigh mé Caint agus Ceol, sraith de chláir cheoil agus chomhrá

2016–2019

Ceannaire Club Óige
Áras na nGael, Gaillimh

PRÓIFÍL SCILEANNA

Teangacha: Líofa sa Ghaeilge agus sa Fhraincis

Scileanna cumarsáide: Sárscileanna láithrithe agus sóisialta, taithí i gcaidreamh poiblí

Scileanna eagrúcháin: D’eagraigh mé réimse imeachtaí agus feachtas, ina measc blitzchomórtas camógaíochta Bhóthar na Trá, a réachtáiltear ar bhonn bliantúil

Obair Foirne: Bainteach le foirne spóirt agus iarcheannaire ar chlub óige

IT: Microsoft Office, Keynote, Audacity, Adobe Audition, QuarkXpress

SUIMEANNA AGUS ÉACHTAÍ

Spórt: Ball gníomhach de CLG Bhóthar na Trá

Aisteoireacht: Mar aisteoir i roinnt drámaí leis Na Crosóga, Cumann Drámaíochta Gaeilge

Scannán: Spéis faoi leith i gcineama domhanda agus i scannáin as an bhFrainc

Ceol: Seinnteoir fíde, ball den ghrúpa ceoil thraidisiúnta Téada

MOLTÓIRÍ

An tUas/Iníon ...

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Conradh na Gaeilge

6 Sráid Fhearchair,

Baile Átha Cliath 9

Teil: 01 8482019

Ríomhphost: ...

An Dr ...

Fiontar DCU,

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Teil: ...

Ríomhphost: ...

Na Meáin

Tá breis agus 1,500 fostaithe in earnáil na meán Gaeilge, ar an teilifís, ar an raidió, sna nuachtáin agus sna meáin dhigiteacha. Tá fás as cuimse ag teacht ar an líon seo de réir mar a fhorbraíonn an earnáil láithreach ar líne chun cur leis na meáin thraidisiúnta chló agus chraolacháin.

Thuairiscigh TG4, an cainéal Gaeilge, go bhfuil 120 duine fostaithe aige ina cheanncheathrú i nGaeltacht Chonamara. Chomh maith leis sin, infheistíonn sé breis is €31m sa bhliain i gclár nua Gaeilge, méid a chothaíonn 972 post i gcomhlachtaí beaga príobháideacha. Tá deiseanna dóibh siúd le scileanna sna meáin chlosamhairc, mar shampla, le podchraoltaí agus ábhar físe a chruthú do na meáin shóisialta. Tá deiseanna fostaíochta le Gaeilge ar fáil d'iriseoirí, teicneoirí, taighdeoirí agus aistritheoirí.

Earnáil iomaíoch is ea earnáil na meán, agus dá réir sin, bíonn sí ag síorathrú agus ag forbairt céimithe a bhfuil scileanna ilmheánacha agus toilteanas chun foghlama acu.

Buntáiste atá ann freisin a bheith líofa sa Ghaeilge agus a bheith eolach ar earnáil na Gaeilge, mar tugann sé deis duit dul ag obair ar réimse níos leithne tionscadal agus tionscadail nua a fhorbairt.


[I gcás céimithe a bhfuil spéis acu sna meáin Ghaeilge agus in oiliúint na Gaeilge, féach an rannán ar Oiliúint agus forbairt ar leathanaigh 41–48.](#)

Bronntar duaiseanna náisiúnta sna meáin Ghaeilge (Gradaim Chumarsáide an Oireachtais) gach bliain ar iriseoirí, ar aisteoirí, ar láithreoirí agus ar go leor daoine eile a bhfuil baint acu leis an earnáil.

Na meáin chlóite

Nuachtáin

Is é [Tuairisc.ie](#) an príomhshuíomh nuachta Gaeilge. Foilsítear nuacht náisiúnta agus idirnáisiúnta air go laethúil.



Nuachtán seachtainiúil is ea *Seachtain* atá ar fáil saor in aisce leis an *Irish Independent*. Foilsítear nuacht agus ábhar oideachais ann atá dírithe ar dhaltaí scoile.

Foilsítear ailt as Gaeilge go minic sna nuachtáin náisiúnta ar nós *The Irish Times* agus *The Irish News*, chomh maith leis na nuachtáin áitiúla. Soláthraíonn siad seo deiseanna chun saothar a chur isteach a d'fhéadfadh a bheith foilsithe. Seoladh An Páipéar in 2024, nuachtán a bhfuil eagrán digiteach agus eagrán clóite de ar fáil.

Irisí

Is iris chultúir ar líne é *Nós* le hait faoin saol, an teicneolaíocht, spórt agus go leor eile, agus tá na hirisí clóite Comhar agus *Timire* ar fáil chomh maith.

Na meáin chraolta

Cinntíonn leibhéal na gcistí craolta atá ar fáil le haghaidh clár Gaeilge go bhfuil céimithe a bhfuil líofacht na Gaeilge acu infhostaithe san earnáil seo. Tá deiseanna fostaíochta ann i gcúrsaí craolacháin do thaighdeoirí, craoltóirí agus iriseoirí dátheangacha chomh maith le speisialtóirí le teicneolaíocht faisnéise agus scileanna teicniúla eile.

Raidió

Craoltar roinnt stáisiún raidió go hiomlán trí mheán na Gaeilge, agus craoltar roinnt clár Gaeilge ar chuid eile acu. Craoltar Raidió na Gaeltachta 24 uair sa lá, seacht lá sa seachtain, agus déantar cuid eile a shruathú ar líne. Tá seirbhís nua-aimseartha forbartha ag Anocht FM agus cláir ann dírithe ar dhaoine óga.

Craoltar cláir éagsúla ar BBC Thuaisceart Éireann trí mheán na Gaeilge, ar nós Blas agus cláir áirithe cheoil.

Ar leibhéal áitiúil, craoltar Raidió na Life i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus craoltar Raidió Fáilte i gceantar Bhéal Feirste, agus an dá cheann acu trí mheán na Gaeilge. Stáisiún raidió Gaeilge ar líne is ea Raidió Rí-Rá agus craoltar ceol sna cairteacha air.

Cuireann Coimisiún na Meán maoiniú ar fáil do chláir Ghaeilge ar an teilifís agus ar an raidió faoin scéim mhaoinithe craolacháin Fuaim agus Fís.

Teilifís

Lonnaithe i nGaeltacht Chonamara, is é TG4 an craoltóir Gaeilge. Soláthraíonn sé réimse leathan clár, ina measc cláir spóirt, cláir thaistil, cláir cheoil, cláir faisin agus cláir do pháistí. Tá dea-thuairim ag daoine ar an sobalchlár Ros na Rún, a bhíonn ar TG4 go rialta, agus is amhlaidh atá an scéal maidir le seirbhís nuachta an chainéil, Nuacht TG4.

Déanann TG4 cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha a choimisiúnú chun cuid mhór dá gclár a dhéanamh. Díríonn cuid de na cuideachtaí seo isteach ar léiriúcháin Ghaeilge amháin, agus déanann cuid eile cláir Ghaeilge agus Bhéarla araon. Is baill de Screen Producers Ireland iad an chuid is mó de na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn. Tá cuid de na cuideachtaí léiriúcháin Gaeilge liostaithe i rannán na n-acmhainní thíos.

Acmhainn ilfheastail do chuideachtaí in iarthar na hÉireann is ea Ardán, agus cuireann sé comhairle, maoiniú, agus traenáil ar fáil dóibh siúd ag plé le scannáin, teilifís, beochan agus físchluichí.

Craoltar cláir áirithe ar RTÉ as Gaeilge, mar aon le Nuacht RTÉ, an nuacht laethúil as Gaeilge. Craoltar cláir as Gaeilge ar BBC Thuaisceart Éireann ar nós Blas Ceoil. Tá aonad na Gaeilge acu i mBéal Feirste, aonad atá ag fás, agus a chraolann ar an teilifís agus ar an raidió.

Féach próifíl Sheáin Uí Bhaoill ar leathanach 37 faoina bheith ag obair mar fhísiriseoir agus aisteoir.

Na meáin dhigiteacha

Is ar líne is mó atá na meáin Ghaeilge anois. Ina measc, tá Tuairisc.ie, seirbhís nuachta do phobal na Gaeilge in Éirinn agus thar lear.

Iris chultúir é *Nós* a fhoilsíonn ailt faoi chultúr, teic, bia, sláinte, spórt agus go leor eile. Is suíomh idirlín é Scéal.ie a fheidhmíonn mar lárphointe eolais, agus tá réimse leathan eolais faoi imeachtaí, folúntais, ranganna Gaeilge, gnóthaí agus eagraíochtaí le Gaeilge, agus go leor eile.

Ardán ilmheáin ar líne is ea *Meon Eile* ar a mbíonn tuarascálacha rialta físeáin agus scéalta ar réimse leathan ábhar: cúrsaí reatha, cúrsaí spóirt, imeachtaí cultúrtha agus ealaíon na Gaeilge ina measc.

Tá láithreán gréasáin ag BBC Thuaisceart Éireann agus ag RTÉ ar a bhfuil naisc le hait, físeáin, podchraoltaí agus tuilleadh.

Na meáin shóisialta agus blaganna

Bíonn láithreacht ar na meáin shóisialta ag bunús na nuachtán, na n-irisí agus na stáisiún raidió agus teilifíse Gaeilge, agus déantar nasc le héisteoirí agus le léitheoirí orthu sin.

Tá leagan Gaeilge de Bluesky, Facebook agus Twitter ar fáil, agus tá grúpaí ar Facebook dóibh siúd le Gaeilge, an grúpa Gaeilge Amháin, mar shampla, a bhfuil breis is 10,000 duine ina mball de. Tá an-chuid podchraoltaí Gaeilge ar fáil agus réimse leathan ábhar á phlé acu, ina measc, Gaelgals agus How To Gael, agus tá an comhphobal Craic le Gaeilge ar Discord.



Teicneolaíocht mhóibíleach agus ríomhaireachta

D'fhéadfadh céimithe a bhfuil scileanna sa teicneolaíocht faisnéise agus ilmheán acu ról a aimsiú in earnáil na teicneolaíochta móibíle agus ríomhaireachta. Tá deiseanna do chéimithe a bhfuil spéis sa teicneolaíocht agus eolas ar an nGaeilge acu chun dul isteach sa mhargadh seo agus chun tuilleadh seirbhísí a fhorbairt trí mheán na Gaeilge.

Tá réimse leathan d'aipeanna Gaeilge ar fáil le híoslódáil. Cruthaíodh aipeanna le haghaidh meáin chlóite agus chraolta áirithe Ghaeilge ionas go mbeadh rochtain ag an bpobal ar a gcuid seirbhísí trí ardáin agus trí ghléasanna áirithe. I measc na n-aipeanna eile Gaeilge tá foclóirí Gaeilge, aistritheoirí, leabhair agus níos mó.


Áirítear le forbairtí eile Gaeilge an méid seo a leanas:

- Cuireann Samsung Gaeilge ar fáil mar rogha teanga ar gach guthán agus taibléad dá gcuid.
- Cuireann Clár TechSpace áiseanna agus traenáil ar fáil i nGaeilge do scoileanna agus clubanna óige ar mian leo cláir teicneolaíochta a chur ar fáil do dhaoine óga 4–19.
- Is féidir ríomhaire a bheith go hiomlán i nGaeilge le córais oibriúcháin Windows agus Linux.
- Tá an rogha ann comhéadan Gaeilge a fháil ar roinnt bogearraí ríomhaire. I measc na samplaí is suntasaí, tá KDE, Mozilla Firefox, Mozilla Thunderbird, LibreOffice.org agus Gmail.
- Tá rogha Gaeilge ar vBulletin, an bogearra is coitianta chun fóraim chomhrá ar líne a óstáil. Baineann PeoplesRepublicOfCork.com úsáid as.
- Tugann Code.org agus Scratch (scratch.mit.edu) deis foghlaim faoin ríomhchlárú trí mheán na Gaeilge.

Maoiniú

Cuireann Coimisiún na Meán agus Fís Éireann maoiniú ar fáil i bPoblacht na hÉireann le haghaidh déantóirí clár agus scannán Gaeilge, agus cuireann an Ciste Craoltóireachta Gaeilge maoiniú ar fáil i dTuaisceart Éireann. Déanann na craoltóirí TG4, RTÉ agus BBC NI cláir a choimisiúnú freisin. Cuireann mórsceim TG4, Cine4, maoiniú ar fáil d'fhadscannáin Ghaeilge, agus cuireann an Coimisiún Eorpach maoiniú ar fáil do scannáin, teilifís, beochan agus físchluichí tríd an gclár An Eoraip Chruthaitheach.

Féach an rannán ar Oiliúint agus Forbairt ar leathanaigh 41–48. ●



Acmhainní

Irisí míosúla

- Comhar www.comhar.ie Iris Ghaeilge
- COMHARTaighde www.comhartaighde.ie Iris acadúil bhliantúil

Teilifís

- TG4 www.tg4.ie Cainéal teilifíse as Gaeilge
- BBC www.bbc.co.uk/gaeilge Láithreán gréasáin Gaeilge de chuid an BBC
- Gréasán na Meán Skillnet www.greasannamian.ie Traenáil dóibh siúd ag obair sna meáin
- Gréasán Scannánaíochta agus Teilifíse www.iftn.ie
- Film Ireland www.filmireland.net Iris do scannáin Éireannacha
- RTÉ www.rte.ie
- Screen Producers Ireland www.screenproducersireland.com Grúpa ionadaíoch do léiritheoirí neamhspleácha scannán, teilifíse agus Beochana

Na meáin dhigiteacha

- Tuairisc www.tuairisc.ie Seirbhís nuachta do phobal na Gaeilge in Éirinn agus thar lear
- Níos www.nos.ie Iris Ghaeilge ar líne
- ExtraG.ie www.extrag.ie Seirbhís nuachta Gaeilge
- Scéal www.scéal.ie Réimse leathan eolais faoi imeachtaí, folúntais, ranganna Gaeilge, gnóthaí agus eagraíochtaí le Gaeilge, agus go leor eile.
- *Meon Eile* www.meoneile.ie Seirbhís nuachta ar líne atá lonnaithe i mBéal Feirste
- nuacht1.com www.nuacht1.com Naisc chuig scéalta
- Boards.ie www.boards.ie Áirítear leis fóram Gaeilge
- Clár TechSpace www.kinia.ie Cláir teicneolaíochta do dhaoine óga

Raidió

- Blas www.bbc.co.uk/northernireland/irish/blas Clár Gaeilge ar BBC
- Raidió Rí-Rá www.rrr.ie Stáisiún Raidió ar líne trí mheán na Gaeilge
- Raidió Fáilte www.raidiofailte.com Stáisiún Raidió Gaeilge, atá lonnaithe i mBéal Feirste
- Raidió na Life www.raidionalife.ie Stáisiún Raidió Gaeilge, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath
- Splanc ar Newstalk www.newstalk.com/splanc Clár Gaeilge ar Newstalk
- RTÉ Raidió na Gaeltachta www.rte.ie/rnag Stáisiún Raidió Náisiúnta na Gaeltachta.

Maoiniú agus tacaíocht

- Coimisiún na Meán www.cnam.ie
- Fís Éireann www.screenireland.ie Gníomhaireacht náisiúnta scannán na hÉireann
- Northern Ireland Screen www.northernirelandscreen.co.uk Gníomhaireacht Náisiúnta scannán do Thuaisceart Éireann
- Ardán www.ardan.ie
- An Eoraip Chruthaitheach www.creativeeuropeireland.eu
- Cine4 www.cine4.ie Scéim mhaoinithe do scannáin Ghaeilge

Cuideachtaí léiriúcháin Ghaeilge:

- Abú Media www.abumedia.com
- Animo www.animotv.ie
- Fíbin www.fibinmedia.ie
- Nemeton www.nemeton.ie a chuireann oiliúint ar fáil i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
- Red Shoe Productions www.redshoe.ie
- Rosg www.rosg.ie
- Telegael www.telegael.com
- Tua Media www.tuafilms.com
- Danú Media www.danumedia.co

Aistriúchán agus ateangaireacht

Mar gheall ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) agus gur aithníodh an Ghaeilge mar theanga oifigiúil oibre de chuid an Aontais Eorpaigh, bhí méadú ar na deiseanna i réimse an aistriúcháin agus na hateangaireachta.

Is éard atá i gceist le haistriúchán ná téacs a chur ar fáil i dteanga eile agus a áirithiú go gcoinnítear an bhunchiall, le haghaidh lucht féachana faoi leith agus cuspóir faoi leith. Tá difear idir ateangaireacht agus aistriúchán ar an ábhar go bhfuil ateangaireacht bunaithe ar chumarsáid ó bhéal, ní ar chumarsáid scríofa.

Chun bheith i do bhall de Chumann Aistritheoirí agus Ateangairí na hÉireann (ATIL), ní mór duit pas a fháil sa scrúdú oifigiúil ballraíochta, chomh maith le idir dhá bhliain agus cúig bliana de thaithe a bheith agat san aistriúchán agus/nó cáilíocht mar aistritheoir/ateangaire.

Eagraíonn Foras na Gaeilge scrúdú bliantúil mar chuid dá chóras creidiúnaithe – Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí Gaeilge. Cuirtear iad siúd a n-éiríonn leo sa scrúdú ar liosta aistritheoirí creidiúnaithe Fhoras na Gaeilge.

Bíonn cuid mhaith den ábhar a mbíonn aistritheoirí agus ateangairí ag plé leis speisialaithe, agus ar an ábhar sin bíonn ullmhúchán agus eolas ar an réimse atá i gceist ag teastáil. Is minic a fhorbraíonn gairmithe sa réimse seo saineolas agus eolas ar réimse ar nós gnó, dlí nó leighis i ndiaidh roinnt blianta. Tá téarmaíocht a bhaineann le hábhar go saineuile mar chuid lárnach den saineolas sin. Chun obair a fháil san earnáil seo, tá cáilíocht i staidéar an aistriúcháin nó san ateangaireacht molta. Tá bunchéim i dteangacha inmhianaithe, cé nach bhfuil sé Riachtanach.



Aistriúchán

Áirítear leis na deiseanna atá ar fáil aistriúchán, prófléamh, logánú bogearraí, fotheidealú, bainistíocht tionscadail, comhordú teanga agus bainistíocht cáilíochta.

Tá deiseanna fostaíochta ann d'aistritheoirí in eagraíochtaí poiblí, i gcomhlachtaí rialtais, in institiúidí Eorpacha agus in eagraíochtaí príobháideacha. Tá seirbhís aistriúcháin (agus ateangaireachta) dá chuid féin ag Tithe an Oireachtais – Rannóg an Aistriúcháin.

Dóibh siúd atá ag iarraidh gairm a leanúint ag aistriú doiciméid dlí, tá cúrsaí agus oiliúint ar fáil ag Europus agus Óstaí an Rí. Is minic a dhéanann an Roinn Forbartha Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta na cúrsaí seo a fhóirdheonú.

Oibríonn an tAontas Eorpach an tseirbhís is mó aistriúcháin ar domhan. Tá deiseanna ar fáil mar riarthóirí, aistritheoirí agus mar dhlítheangeolaithe. Chun post buan a fháil le hinstitiúid an AE, ní mór d'iarratasóirí pas a fháil i gcomórtas oscailte. Ó am go chéile, tagann poist shealadacha nó ar conradh chun cinn. Chun obair bhuan a fháil mar aistritheoir san AE, tá sé riachtanach trí theanga Eorpacha a bheith ar do chumas agat. Ó rinneadh teanga oifigiúil oibre de chuid an AE i den Ghaeilge in 2007, tá éileamh rialta ar aistritheoirí Gaeilge.

Oibríonn cuid de na haistritheoirí go hinmheánach, ach oibríonn an chuid is mó acu mar shaoraistritheoirí. Fostaithe ar thuarastal is ea aistritheoirí inmheánacha, ag obair ar bhonn lánaimseartha in eagraíochtaí poiblí nó i gcuideachtaí príobháideacha aistriúcháin, cuid acu ar speisealtóirí Gaeilge iad. Go hiondúil bíonn saoraistritheoirí féinfhostaithe, agus oibríonn siad ón mbaile. Déanann gníomhaireachtaí nó cuideachtaí aistriúcháin iad a choimisiúnú go díreach. Aimsíonn

cuideachtaí iad seo ó liosta na n-aistritheoirí creidiúnaithe ar láithreán gréasáin Fhoras na Gaeilge agus ó chlár ATIL.

Éilíonn gach custaiméir an caighdeán is airde aistriúcháin: eagraíochtaí poiblí, comhlachtaí rialtais, na hInstitiúidí Eorpacha agus eagraíochtaí príobháideacha. Bheifí ag súil leis go mbeadh aistritheoirí a bhfuil taithe acu in ann 2,000 focal sa lá a aistriú, ag brath ar an gcineál téacs. Úsáideann aistritheoirí gairmiúla áirithe bogearraí aistriúcháin ina gcuid oibre ó lá go lá.

Ateangaireacht

Bíonn deiseanna ar fáil in Éirinn, go háirithe in imeachtaí an Oireachtais, i gcomhdhálacha idirnáisiúnta, in imeachtaí dlí agus i gcúram sláinte, ag déanamh ateangaireachta do dhaoine a bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga acu. Baintear úsáid as ateangairí Gaeilge i bParlaimint na hEorpa agus sa Choimisiún Eorpach.

Chun post buan a fháil mar ateangaire le hinstitiúid an AE, ní mór d'iarratasóirí pas a fháil i gcomórtas oscailte. Is é an bunriachtanas atá ann d'ateangaire atá ag obair san AE ná cumas a bheith acu obair le trí theanga Eorpacha (agus an mháthairtheanga san áireamh). Mar gheall ar an easpa iarratasóirí cáilithe mar is ceart, d'fhéadfaí an gá le haghaidh an tríú teanga Eorpach a tharscaoileadh le haghaidh ateangairí atá ag obair leis an nGaeilge.

D'fhéadfadh saor-ateangairí a bhfuil spéis acu a bheith ag obair in institiúidí an AE cur isteach ar scrúdú ateangaireachta le bheith cláraithe ar liosta na n-ateangairí cunta comhdhála a mbíonn Institiúidí na hEorpa ar lorg a gcuid seirbhísí.

[Dóibh siúd a bhfuil spéis acu san ateangaireacht, féach an rannán ar oiliúint agus forbairt ar leathanaigh 41–48.](#)

Poist ábhartha

Áirítear le deiseanna eile a bhaineann leis an earnáil seo eagarthóirí, prófléitheoirí, foclóirí agus téarmaí. Cuireann foclóiríthe foclóirí le chéile, agus déanann téarmaíthe staidéar ar théarmaí agus ar fhocail speisialaithe. Cinntíonn eagarthóirí agus prófléitheoirí go mbíonn téacsanna atá scríofa le haghaidh foilsithe scríofa go maith, cruinn de réir na gramadaí agus inléite.

Leideanna úsáideacha

- Cuir feabhas ar do chumas sa teanga.
- Cuir tú féin ar an eolas faoi na bogearraí aistriúcháin a mbaintear úsáid astu sa tionscadal, ar nós Trados, Wordfast agus Dejà Vu.
- Déan taighde ar na sainfhoclóirí agus na hacmhainní ar líne atá ar fáil don Ghaeilge, mar shampla, www.focal.ie.
- Tabhair cuairt ar láithreán Gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an AE le haghaidh Aistriúcháin agus Ateangaireachta (féach thíos).
- Uaslódáil do CV agus samplaí de do chuid oibre chuig www.proz.com, acmhainn aistriúcháin le haghaidh aistritheoirí agus gníomhaireachtaí.
- Cuir do CV thart ar na cuideachtaí ábhartha aistriúcháin.
- Téigh ar lorg socrúcháin cuí oibre.
- Bain cáilíocht amach.
- Déan scrúdú Foras na Gaeilge.
- Glac ballraíocht le Cumann Aistritheoirí agus Ateangairí na hÉireann.
- Déan taighde agus cleachtadh ar théarmaíocht nua.
- Cuir le do chuid eolais ar chúrsaí reatha (a bhfuil tábhacht mhór ag baint leis d'ateangairí go háirithe).

Sheol Foras na Gaeilge córas nua creidiúnaithe d'eagarthóirí go sainiúil in 2011, agus tá an séala bainte amach ag ochtar go dtí seo. Ceadáíonn, forbraíonn agus soláthraíonn Coiste Téarmaíochta Foras na Gaeilge téarmaíocht údarásach chaighdeánaithe Ghaeilge chun an teanga a fhorbairt mar mheán nua-aimseartha sa saol nua-aimseartha, de réir na riachtanas reachtúil.

Tugann foireann an Choiste Théarmaíochta ceardlanna faoi ghnéithe éagsúla d'obair na téarmaíochta ar bhonn rialta, agus d'fhéadfadh céimithe a bhfuil spéis acu sa réimse sin fostaíocht a fháil ann. Tugann Fiontar DCU comhaltachtaí agus fostaíocht sa réimse seo.

Is eagraíocht dheonach i an Ríomhacadamh a dhéanann aistriúchán dheonach ar bhogearraí, ar nós Gmail, Twitter, Mozilla Firefox, Scratch, Code.org, LibreOffice, Whatsapp, Bluesky agus go leor eile. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ar fáil dóibh siúd ar spéis leo taithí agus traenáil a fháil in earnáil an aistriúcháin.

Féach leathanaigh 41–46 le haghaidh eolais faoi staidéar larchéime. ●

Acmhainní

Ginearálta

- www.teanglann.ie, foclóir.ie Foclóirí Gaeilge ar líne
- www.tearma.ie Bunachar sonraí náisiúnta téarmaíochta
- www.corpas.ie Corpas Náisiúnta na Gaeilge
- Córais chreidiúnaithe d'eagarthóirí agus aistritheoirí www.forasnagaeilge.ie/seala
- Coiste Téarmaíochta www.forasnagaeilge.ie/fuinn/focloireacht
- Údarás na Gaeltachta www.udaras.ie Údarás Réigiúnach na Gaeltachta
- www.atil.ie Cumann Aistritheoirí agus Ateangairí na hÉireann
- www.proz.com Eolaire faoi acmhainní aistriúcháin Ghairmiúil
- gradireland Graduate Careers in Languages Leabhrán ar fáil le híoslódáil ó gradireland.com/publications
- www.riomhacadamh.wordpress.com An Ríomhacadamh

An Eoraip

- epso.europa.eu an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne
- ec.europa.eu/dgs/translation Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin de chuid an AE
- ec.europa.eu/dgs/scic Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta de chuid an AE

An Earnáil phríobháideach

D'fhéadfadh pobal na Gaeilge a bheith ina mhargadh mór le haghaidh earraí agus seirbhísí. Chun an cumas seo a bhaint amach, chuir cuid mhór cuideachtaí tús le díriú isteach ar an margadh seo agus a gcuid seirbhísí a thairiscint trí mheán na Gaeilge. I nDaonáireamh na hÉireann in 2022, chuir 40 faoin gcéad den phobal in iúl go raibh Gaeilge acu. I dtéarmaí gnó, is ionann an staitistic seo agus 1.87 milliún custaiméir a d'fhéadfadh a bheith ann sa Phoblacht (agus 126,743 ar a bharr seo i dTuaisceart Éireann), agus de réir mar a thagann borradh ar earnáil na Gaelscolaíochta, is amhlaidh go dtiocfaidh borradh ar an margadh seo freisin. Ní raibh deis níos tábhachtaí riamh ann chun leas a bhaint as cumas margaíochta na Gaeilge, sa bhaile agus thar lear.

De réir mar atá le gach earnáil, tá dul chun cinn gairmiúil bunaithe ar fheidhmíocht. I gcás na gcuideachtaí is mó go háirithe, meastar gur gné thábhachtach í a bheith ábalta tú féin a scaradh ón slua: léiriú é seo is ea líofacht sa Ghaeilge.

Ar na saolta deireanacha seo, mheall an Ghaeilge aird shuntasach i saol an ghnó, agus ceannairí na margaíochta ag éirí níos tuisceanaí faoin nGaeilge mar ghléas margaíochta. Acmhainn atá sa Ghaeilge nár bhain cuid mhór gnólaachtaí úsáid aisti, agus is buntáiste ollmhór do ghnólaachtaí iad céimithe a bhfuil Gaeilge acu.

Roghanna fostaíochta

Tá deiseanna ann do Ghaeilgeoirí agus dóibh siúd a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge i réimsí áirithe. Earcoidh cuideachtaí céimithe a bhfuil cáilíochtaí, taithí agus scileanna acu a bhaineann lena ngnó. D'fhéadfadh go mbeadh spéis ag cuideachtaí atá ag díriú isteach ar phobal na Gaeilge i gcéimithe a bhfuil na scileanna cuí acu chomh maith le hardchaighdeán líofachta sa Ghaeilge.

Tá fiontair bheaga agus mheánmhéide a bhaineann le soláthar seirbhísí ann a dhéanann a gcuid gnó trí mheán na Gaeilge amháin. Samplaí de seo is ea aistriúchán, seirbhísí dlí, cuntasaíocht, tacaíocht theicniúil, dearadh grafach, dearadh láithreán gréasáin, fógraíocht, caidreamh poiblí, margaíocht, ailtireacht, díolachán agus seirbhísí do chustaiméirí.



Fiú agus cuideachta ag obair trí mheán an Bhéarla den chuid is mó, luach breise dóibh é ball foirne le Gaeilge a bheith acu, agus tugann sé deis dóibh seirbhísí a thairiscint do phobal na Gaeilge.

Bíonn ról tábhachtach ag speisialtóirí caidrimh phoiblí, margaíochta agus fógraíochta agus comhlacht i mbun poiblíochta. Lena chois sin, bíonn dearthóirí dátheangacha a ullmhaíonn ábhar lena fhoilsiú, ina measc leabhair agus ábhar caidrimh phoiblí agus fógraíochta. Tá go leor cainteoirí Gaeilge fostaíthe ag comhlachtaí caidrimh phoiblí toisc gur féidir ionadaíocht a dhéanamh do leas an chliant sna meáin Ghaeilge agus chun riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh.

Cuideachtaí speisialaithe teicneolaíochta faisnéise

Forbraíonn cuideachtaí áirithe TF bogearraí agus teicneolaíocht a théann i ngleic le ceisteanna a bhaineann go sonrach le húsáideoirí a bhfuil Gaeilge acu. D'fhéadfadh céimí ag a bhfuil an meascán ceart de scileanna teicniúla agus líofacht sa teanga gairm bheatha fhiúntach a fháil sa réimse seo, ní amháin in Éirinn, ach i bpobail mhionteangacha fud fad an domhain.

Comhlachtaí ilnáisiunta

Cuireann comhlachtaí ilnáisiunta fáilte roimh éagsúlacht chultúrtha ina n-eagraíochtaí agus bíonn siad ar theann a ndíchill a bheith mar chuid den phobal áitiúil ina gcuid brainsí fud fad an domhain. In Éirinn, d'fhéadfaí an Ghaeilge a thabhairt isteach ina n-ábhar margaíochta nó poiblíochta, ina straitéisí margaíochta nó ina gclár um fhreagracht shóisialta chorpáraideach.

Fiontraíthe

Tá go leor deiseanna ann le haghaidh céimithe chun tús a chur lena gcuid gnólachtaí féin agus iad a fhorbairt. Má tá sé ar do chumas nideog sa mhargadh a aithint agus a nochtadh, d'fhéadfaí an rogha seo a ghlacadh. Tá an t-éileamh ar tháirgí a bhaineann go sainiúil leis an teanga agus a mbíonn tóir mhór orthu ar nós Gaeilgheansaí agus Scrabble as Gaeilge ag fás.

Áirítear le heagraíochtaí atá maoinithe ag an Rialtas agus a thacaíonn le gnólachtaí nua Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge (gnólachtaí a bhaineann leis an teanga amháin), agus Forbairt Feirste. I measc na n-eagraíochtaí eile atá lonnaithe go háitiúil, tá Gaillimh le Gaeilge (Gaillimh), Gnó Mhaigh Eo (Maigh Eo) agus Gradam Gnó na nDéise (Port Láirge).

Dámhachtainí gnó na Gaeilge

- Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh: Dámhachtain Bhliantúil Ghnó na Gaillimhe
- Gradam Phádraig Uí Chuanacháin: dámhachtain bhliantúil a bhronnann Gael-Taca ar ghnólachtaí Chorcaí gach bliain
- Gradam Gnó na nDéise: dámhachtain bhliantúil trína n-aithnítear iarrachtaí gnólachtaí atá lonnaithe i bPort Láirge i gcur chun cinn na teanga
- Léiríonn Dámhachtainí Margaíochta Uile-Éireann obair na bhfeachtas margaíochtaí trí mheán na Gaeilge. ●



Acmhainní

- Foras na Gaeilge www.gaeilge.ie Eagraíocht trasteorann chun an Ghaeilge a chur chun cinn www.forasnagaeilge.ie (suíomh corparáideach), www.forasnagaeilge.ie/maidir-le-foras-na-gaeilge/ar-rol-ag-tacu-leatsa/gno-means-business/ (Lárphointe eolais do luchtgnó)
- Údarás na Gaeltachta www.udas.ie Údarás Réigiúnach na Gaeltachta
- Forbairt Feirste www.forbairtfeirste.com Le haghaidh gnólachtaí atá lonnaithe i mBéal Feirste
- Gael-Taca www.facebook.com/gaeltaca Le haghaidh gnólachtaí atá lonnaithe i gCathair Chorcaí
- Gaillimh le Gaeilge www.gleg.ie Le haghaidh gnólachtaí atá lonnaithe i gcathair na Gaillimhe
- Gnó Mhaigh Eo www.gnomhaigheo.ie Le haghaidh gnólachtaí atá lonnaithe i gCo. Mhaigh Eo
- Comhlucht Forbartha na nDéise www.deise.ie Buanú agus neartú na Gaeilge i nGaeltacht na nDéise
- Tuairisc.ie www.tuairisc.ie Láithreán gréasáin nuachta Gaeilge, ina liostaítear folúntais agus deiseanna maoinithe
- Tá grúpaí ar ghréasáin shóisialta ar nós LinkedIn agus Gnó le Gaeilge agus is féidir le daoine a bhfuil spéis acu i gcur chun cinn an ghnó trí mheán na Gaeilge smaoine a mhalartú agus gréasánú a dhéanamh iontu.
- Scéal.ie www.sceal.ie Eolaire gréasáin do sheirbhísí Gaeilge

RÉIMSÍ OIBRE

Cultúr: na healaíona, oidhreacht agus teanga



Cuid bheomhar de shaol sóisialta agus eacnamaíoch na Gaeilge is ea an earnáil chultúir. Cé go n-oibríonn roinnt céimithe mar chleachtóirí sna healaíona, tá deiseanna ann freisin le haghaidh foireann theicniúil, oideachais agus riaracháin. Tá deiseanna maithe ann d'aisteoirí agus scríbhneoirí a bhfuil Gaeilge acu, go háirithe i gclár atá coimisiúnaithe le haghaidh na teilifíse.

Na healaíona

Tá deiseanna do chéimithe san earnáil seo leis na húdaráis áitiúla, le healaíona an phobail, le bainistíocht imeachtaí, leis na hilmheáin agus le gailearaithe. Tá deiseanna féinfhostaíochta ann freisin. Buntáiste faoi leith is ea cáiliocht sna healaíona nó i ndisciplín a bhaineann le dearadh, i stair nó i mbainistíocht na n-ealaíon nó na dtaibhealaíon.

Tacaíonn Foras na Gaeilge, Ealaín na Gaeltachta agus na Comhairlí Ealaíon ó thuaidh agus ó dheas le heagraíochtaí ealaíon a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge trí mhaoiniú a chur ar fáil do thionscadail agus d'ealaíontóirí faoi leith trí sparánachtaí agus trí chónaitheachtaí.


Tá na hionaid chultúrtha ó thuaidh faoi bhláth freisin, agus Cultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste agus Cultúrlann Uí Chanáin i nDoire i measc na bpríomhshamplaí de seo.

Féilte

Cuireann Oireachtas na Gaeilge ealaíona traidisiúnta na Gaeilge chun cinn agus eagraíonn féile bhliantúil le haitheantas a thabhairt do cheoltóirí, do dhamhsóirí, agus d'aithriseoirí sna healaíona traidisiúnta. Eagraíonn siad dámhachtainí agus comórtais le haghaidh scríbhneoirí agus daoine gairmiúla sna meáin. Áirítear le féilte bliantúla eile An Fhéile Phan-Cheilteach, Sean-Nós Cois Life, Scoileanna Samhraidh agus Geimhridh Merriman, IMRAM Féile Litríochta Gaeilge agus Féile Chois Fharraige. Bíonn imeachtaí Gaeilge ag an Dublin Books Festival, an International Literature Festival Dublin, Mountains to Sea, Cúirt agus féilte eile.

Leideanna úsáideacha

- Bí páirteach sna cumainn ealaíon/teanga sa choláiste.
- Léigh Tuairisc.ie, Nós nó faigh aip Scéal.ie.
- Bí ag obair go deonach le himeachtaí cultúrtha agus féilte Gaeilge, nó déan freastal orthu.
- Bí ag obair mar threoraí nó mar oibrí eolais ar láithreáin oidhreachta le linn thréimhse na saoire.
- Léirigh suim i gcaomhnú an chomhshaoil.
- Léirigh gur ghlac tú páirt in imeachtaí pobail agus/nó teanga.



Tacaíonn Comhaltas Ceoltóirí Éireann leis an nGaeilge freisin, agus eagraíonn sé imeachtaí Gaeilge mar chuid de na fleánna i rith na bliana agus tugann tacaíocht agus oiliúint d'imeachtaí Gaeilge a bhaineann leis an gceol traidisiúnta.

Litríocht

Tá an-chuid foilsitheoirí Gaeilge, mar shampla, Leabhar Breac, Cló Iar-Chonnacht, Futa Fata agus Éabhlóid.

Cuireann eagraíochtaí áirithe ceardlanna ar fáil do scríbhneoirí Gaeilge, ina measc, Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge agus Cló Iar-Chonnacht

Drámaíocht

Bíonn drámaíocht na Gaeilge de shíor ag athrú. Osclaíodh doirse An Taibhdhearc, an compántas drámaíochta Gaeilge atá lonnaithe i nGaillimh, arís in 2012. Thaibhigh cuid mhór aisteoirí Gaeilge san amharclann seo, agus tugann sé deis do scríbhneoirí a gcuid oibre agus tallainne a léiriú.

Tá drámaí raidió á gcráladh freisin ar Raidió na Life, Raidió na Gaeltachta agus ar RTÉ, agus tacaíonn scéim Coimisiún na Meán, Fuaim agus Fís, leis.

Reáchtálann Oireachtas na Gaeilge comórtais litríochta gach bliain do scríbhneoirí Gaeilge, agus mír faoi leith ann le haghaidh scrípteanna drámaíochta ar an raidió.

Cur chun cinn agus forbairt na teanga

Déantar oifigigh a fhostú leis an teanga a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta, in eagraíochtaí

pobail agus eagraíochtaí neamhbhrabúis. Fostaíonn údaráis áitiúla oifigigh Ghaeilge a chomhoibríonn le heagraíochtaí áitiúla ealaíon agus teanga sa cheantar. Tá baint ag grúpaí pobail agus ag comharchumainn ar fud na Gaeltachta le cur chun cinn agus le forbairt na Gaeilge.

Eagraíocht maoinithe trasteorann is ea Foras na Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt, agus cuireann sé maoiniú ar fáil d'oifigigh Ghaeilge sna pobail áitiúla ó thuaidh agus ó dheas. Áirítear le heagraíochtaí a mbíonn baint acu le cur chun cinn agus forbairt na Gaeilge ná:

- Reáchtálann cumainn óige Ghaeilge, ar nós Feachtas, Ógras agus Cumann na bhFiann, clubanna óige ar fud na tíre.
- Soláthraíonn Gael Linn agus Gaeloideachas réimse leathan de sheirbhísí oideachasúla agus cultúrtha ar fud na tíre.
- Cuireann Glór na nGael tacaíocht ar fáil don phobal, gnóthaí agus teaghlaigh.
- Tá Conradh na Gaeilge freagrach as ardú feasachta agus cosaint teanga i ngach gné de shaol na tíre.
- Cuireann Pobal agus Comhaltas Uladh an teanga agus imeachtaí chun cinn i dTuaisceart Éireann.

Toisc go bhfuil sainchúram na n-eagraíochtaí a chuireann an teanga chun cinn measartha leathan, fostaíonn siad daoine ó réimse leathan disciplíní ar nós margaíochta, oideachais, airgeadais, bainistíocht imeachta, foilsitheoireachta agus caidrimh phoiblí.

Oidhreacht

Tá deiseanna fostaíochta ann le haghaidh coimeádaithe, foireann oideachais, treoraithe/bainisteoirí agus riarthóirí in iarsmalanna agus i láithreáin oidhreacht ar fud na tíre.

Tá leabharlanna agus cartlanna ann a bhfuil céatadán ard d'ábhar Gaeilge ina gcuid bailiúchán, agus ní mór do leabharlannaithe atá fostaithe i gcóras na leabharlainne poiblí riachtanas na Gaeilge a shásamh. Maireann cartlanna i réimse leathan d'eagraíochtaí – na meáin, údaráis áitiúla, eagraíochtaí oideachais agus fiontair phríobháideacha san áireamh.

Tá deiseanna ann do chainteoirí Gaeilge i réimse na turasóireachta cultúrtha, go háirithe sa Ghaeltacht, agus is minic a fhostaíonn údaráis áitiúla oifigigh oidhreacht. Bíonn an cháiliocht chuí ag cuid mhór daoine a oibríonn in earnáil na hoidhreacht sa stair, sa tseandálaíocht, i staidéir leabharlainne nó cartlainne, sa bhéaloideas, i stair na healaíona, i mbainistíocht iarsmalainne, in oideachas nó dearadh. ●



Acmhainní

Ginearálta

- Foras na Gaeilge www.gaeilge.ie Eagraíocht trasteorann chun an Ghaeilge a chur chun cinn www.forasnagaeilge.ie (suíomh corparáideach)
- Údarás na Gaeltachta www.udaras.ie Údarás Réigiúnach na Gaeltachta

Ealaíona

- Ealaín na Gaeltachta www.ealain.ie Forbairt na n-ealaíon dúchasacha agus comhaimseartha sa Ghaeltacht.
- Comhairle Ealaíon na hÉireann www.arts council.ie
- Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann www.arts council-ni.org
- Oireachtas na Gaeilge www.antoireachtas.ie Eagraíonn siad an fhéile ealaíon Gaeilge is mó sa tír, chomh maith le comórtais litríochta agus gradaim chumarsáide.
- An Taibhdhearc www.antaibhdhearc.com Amharclann Náisiúnta na Gaeilge
- Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge www.aontasnascribhneoiri.ie
- Coimisiún na Meán www.cnam.ie Reáchtálann sé Scéim Maoinithe Craolacháin (Sound & Vision)
- Colmcille www.colmcille.net Cuireann sé úsáid na dteangacha Gaelacha in Éirinn agus in Albain chun cinn
- Comhaltas Ceoltóirí Éireann www.comhaltas.ie Cuireann sé ceol traidisiúnta agus cultúr na hÉireann chun cinn
- Cultúrlann www.culturlann.ie Ionad cultúrtha lonnaithe i mBéal Feirste
- Cumann Merriman www.merriman.ie Scoil Samhraidh agus Gheimhridh Merriman
- Performing Arts Forum www.performingartsforum.ie Deiseanna eolais, oiliúna agus taighde

- Institiúid Amharclannaíochta na hÉireann www.irishtheatreinstitute.ie Soláthraíonn sí eolas, taighde agus deiseanna líonraithe
- An Fhéile Phan-Cheilteach www.panceltic.ie
- IMRAM Féile Litríochta Gaeilge www.imram.ie Féile litríochta Gaeilge
- Sean-Nós Cois Life www.seannos.ie
- Féile Idirnáisiúnta Filíochta Bhéal na mBuillí www.strokestownpoetry.org
- Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge www.aontasnascribhneoiri.ie
- Cló Iar Chonnacht www.cic.ie
- Leabhar Breac www.leabharbreac.com
- Futa Fata www.futafata.ie
- LeabhairComhar www.comhar.ie
- An Gúm www.forasnagaeilge.ie/fuinn/an-gum
- An tSnáthaid Mhór www.antsnathaidmhor.com

Cur chun cinn na teanga

- Cumann na bhFiann www.colaistenabhfiann.ie An eagraíocht náisiúnta óige Gaeilge is mó sa tír
- Conradh na Gaeilge www.cnag.ie
- Gaeloideachas www.gaeloideachas.ie
- Gael Linn www.gael-linn.ie
- Glór na nGael www.glornangael.ie
- Ógras www.ogras.ie Eagraíocht óige Gaeilge
- Feachtas www.feachtas.ie Comhairle Náisiúnta na nóg

Oidhreacht

- An Chomhairle Oidhreachtas www.heritagecouncil.ie
- Cumann na gCartlannaithe (RA agus Éire) www.archives.org.uk
- Cumann Músaem na hÉireann www.irishmuseums.org
- Cumann Leabharlannaíochta na hÉireann www.libraryassociation.ie

An earnáil phoiblí

Cuimsíonn an earnáil phoiblí an státseirbhís, gach rannóg lárnach de chuid an rialtais, údaráis áitiúla agus cuideachtaí atá maoinithe ó airgead poiblí. Áirítear le réimsí fostaíochta poist riaracháin agus theicniúla ar ghráid áirithe, ón mbunleibhéal go bainistíocht shinsearach. Tá deiseanna ar fáil freisin sna réimsí speisialta seo a leanas:

Oideachas: Poblacht na hÉireann

Tá buntáiste faoi leith ag mic léinn agus céimithe atá ar lorg oibre i réimse an oideachais má tá siad líofa sa Ghaeilge. Tá deiseanna ar fáil ó leibhéal na réamhscolaíochta go dtí an tríú leibhéal ar fud na tíre, ó thuaidh agus ó dheas. Tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh ardchaighdeán labhairt na Gaeilge a bheith agat, go háirithe ag an dara leibhéal, mar gurb ionann an scrúdú cainte san Ardeistiméireacht agus 40% den ghrád deiridh. Tá poist dóibh siúd le Gaeilge i mbunscoileanna agus i meánscoileanna príomhshrutha, agus i nGaelscoileanna, i nGaelcholáistí agus i scoileanna i gceantair na Gaeltachta.

Naíonraí

Tá naíonraí lonnaithe ar fud na hÉireann ina ndéantar freastal ar pháistí idir trí bliana d'aois agus cúig bliana d'aois. Tá poist áirithe sa réimse seo oibre, idir chuntóirí naíonraí agus cheannairí agus stiúrthóirí. Tá deiseanna ann freisin i réimse an oideachais luath-óige.

Gaelscoileanna

Tá ardéileamh ar an scolaíocht trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile, agus tá scoileanna nua á mbunú agus á bhforbairt. Ciallaíonn sé seo go ndéantar múinteoirí agus riarthóirí nua a fhostú sa chás ina mbíonn líofacht sa Ghaeilge riachtanach. Ó Mheán Fómhair 2024, bhí 153 bunscoil agus 45 meánscoil lán-Ghaeilge sa Phoblacht. Ar a bharr sin, bhí 103 bunscoil agus 29 meánscoil sa Ghaeltacht. Bíonn na scoileanna de shíor ar lorg céimithe agus na cáilíochtaí oiriúnacha acu chun folúntais a líonadh, agus bíonn gá le hardchaighdeán Gaeilge, idir Ghaeilge labhartha agus Ghaeilge scríofa. Bíonn an-éileamh ar mhúinteoirí meánscoile a bhfuil Gaeilge líofa acu ábhair eile a theagasc ar nós na heolaíochta, na matamaitice, eacnamaíocht bhaile agus na cuntasaíochta.



Tríú leibhéal

Tá cuid mhór cúrsaí trí mheán na Gaeilge ar fáil in institiúidí tríú leibhéal. Ba cheart do mhic léinn agus do chéimithe a bhfuil spéis acu sa taighde nó sa léachtóireacht sa tríú leibhéal fiosrú faoi dheiseanna maoinithe do mhic léinn PhD, chomh maith le deiseanna chun fochéimithe a theagasc. Tá cuid mhór deiseanna taighde i réimse an oideachais lán-Ghaeilge go háirithe.

[Féach leathanaigh 41–46 le haghaidh eolais faoi staidéar iarchéime.](#)

[Féach próifíl Shiún Ní Dhuinn ar leathanach 36 faoina bheith ag léachtóireacht agus ag scríobh i nGaeilge.](#)

Oideachas aosach

Is minic a bhíonn daoine fásta in Éirinn agus thar lear ag freastal ar ranganna Gaeilge a chuireann eagraíochtaí Gaeilge, ionaid don oideachas aosach agus an earnáil tríú leibhéal ar fáil. Cuireann Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann seirbhís iontach ar fáil ar fud na tíre d'fhoghlaimeoirí aosacha Gaeilge ar gach leibhéal. Tugann na scileanna a bhaineann le foghlaiméirí aosacha a theagasc deiseanna fostaíochta do chéimithe agus do mhúinteoirí nua.

Deiseanna eile san earnáil oideachais

Áirítear le poist eile i réimse an oideachais forbairt churaclaim, poist chigireachta agus forbairt acmhainní teagaisc. Tá gá ann le hacmhainní teagaisc Ghaeilge, go háirithe ag leibhéal na meánscolaíochta, agus tá deiseanna ann sa réimse seo do mhúinteoirí cáilithe a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu. D'fhéadfadh céimithe a bhfuil scileanna sa teicneolaíocht faisnéise, scileanna teagaisc agus smaointe cruthaitheacha acu cuidiú le forbairt acmhainní idirghníomhacha le haghaidh múinteoirí. Tá obair den chineál seo ar fáil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), ag an gComhairle Mhúinteoireachta, ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus ag an Roinn Oideachais agus Óige.

Oideachas: Tuaisceart Éireann

Ó Mheán Fómhair 2024, tá 43 naíonra, 35 bhunscoil agus sé mheánscoil lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann. Tá an t-éileamh ar oideachais trí mheán na Gaeilge ag ardú de réir mar a aithnítear tuilleadh scoileanna mar Ghaelscoileanna. Is féidir le daoine a bhfuil Gaeilge acu céim a bhaint amach sa mhúinteoireacht tríd an gcúrsa Teagasc Iarchéime san Oideachas (TICO – Meánscolaíocht) a reáchtáiltear in éineacht le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste, Ollscoil Uladh agus Coláiste Mhuire,

Béal Feirste. Tá cúrsa TICO trí mheán na Gaeilge ar fáil freisin i gColáiste Mhuire, Béal Feirste don Ghaeloideachas (Bunscolaíocht).

[Féach leathanaigh 41–46 le haghaidh eolais maidir le staidéar iarchéime.](#)

Oideachas: thar lear

Tugann Clár Fulbright le haghaidh Cúntóirí Teagaisc Teangacha Iasachta (FLTA) deis do chéimithe a bhfuil Gaeilge acu a bheith ag obair i gcoláistí agus in ollscoileanna a sholáthraíonn ranganna Gaeilge sna Stáit Aontaithe. Tá líofacht sa Ghaeilge riachtanach d'iaratasóirí mar aon le bunchéim, taithí teagaisc agus spéis a bheith mar ambasadóir cultúrtha ar son na hÉireann. Tugann Fulbright freisin deiseanna do lucht acadúil na Gaeilge ar gach leibhéal a bheith ag teagasc agus a bheith i mbun taighde i SAM. Tá dámhachtaí Gaeilge ag Fondúireacht Ollscoil Éireann Ceanada freisin, a chuireann scoláireachtaí ar fáil gach bliain do chéimithe am a chaitheamh ag teagasc Gaeilge i gCeanada. I láthair na huair, tá breis agus 30 coláiste tríú leibhéal agus ollscoileanna i SAM, i gCeanada (mar a bhfuil Gaeltacht ann), san Astráil, i dtíortha na hEorpa agus níos faide fós, a chuireann cláir Ghaeilge agus staidéar ar an Léann Ceilteach ar fáil ina n-institiúidí féin. Déanann institiúidí áirithe sa Bhreatain, ar nós Choláiste na nGael i Londain agus Manchester Irish Language Group i Manchain, ranganna Gaeilge a chur ar fáil. Tugann sé seo deis do chéimithe taisteal agus Gaeilge a theagasc thar lear.

Sláinte

Buntáiste is ea cumas sa Ghaeilge labhartha in earnáil na sláinte, agus tugann sé deis do chéimithe agus gairmithe nideog a chruthú dóibh féin, go háirithe sa Ghaeltacht. Tá éileamh ann ar theiripeoirí urlabhra agus teanga, ar fhiacloirí, ar fhisiteiripeoirí agus ar ghairmithe eile sláinte a bhfuil Gaeilge acu, sna ceantair Ghaeltachta agus sna ceantair iarGhaeltachta ina bhféadfadh Gaeilgeoirí seirbhísí a éileamh trí mheán na Gaeilge.

Cumann le haghaidh gairmithe leighis agus gairmeacha comhghaolmhara a bhfuil spéis sa Ghaeilge acu is ea Acadamh na Lianna. Tagann an cumann le chéile go minic chun plé a dhéanamh ar chúrsaí sláinte, léachtaí a eagrú agus gréasán a thógáil ar fud na hÉireann d'oibrithe sláinte a bhfuil Gaeilge acu.

Forbairt na Gaeilge

Ó cuireadh Acht na dTeangacha i bhfeidhm, tá fás sna deiseanna do dhaoine cumasacha dátheangacha i bpoist a chuireann an Ghaeilge chun cinn nó a fhorbraíonn an Ghaeilge. Cuirtear béim freisin ar thábhacht forbairt na teanga sa Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010–2030. Fostaítear oifigigh Ghaeilge ó thuaidh agus ó dheas in údaráis áitiúla, i rannóga an rialtais agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus in institiúidí tríú leibhéal agus comhlachtaí poiblí ar nós Electric Ireland.

Tá siad freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn go himmheánach agus as maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí na heagraíochta trí mheán na Gaeilge. Déanann siad comhordú ar cháipéisí clóite agus ar líne a aistriú, agus eagraíonn siad ranganna Gaeilge agus imeachtaí cultúrtha. Is tábhachtach a bheith díograiseach agus paiseanta faoin teanga ar an ábhar go bhfuil sé tábhachtach d'fhorbairt na teanga.

Seirbhísí teicniúla agus gairmiúla

Cuireann an tseirbhís phoiblí obair amach ar conradh chuig daoine aonair nó eagraíochtaí san earnáil phríobháideach atá in ann seirbhísí a sholáthar mar aistritheoirí, dearthóirí gréasáin, comhairleoirí sa teicneolaíocht faisnéise, dlíodóirí, cuntasóirí, dearthóirí grafacha, srl. Baineann tábhacht le soláthar na seirbhísí seo trí mheán na Gaeilge do phobal na Gaeilge. Cuid an-mhór

Leideanna úsáideacha

- Bí ag obair mar cheannaire óige nó mar mhúinteoir le coláiste Gaeilge samhraidh.
- Bí páirteach i gcampaí samhraidh Gaeilge do pháistí.
- Bí ar an eolas faoi chúrsaí oiliúna nó ranganna ar bith a d'fhéadfadh cuidiú leat do chuid scileanna sa teicneolaíocht faisnéise agus cruthaitheacha a fhorbairt.
- Déan obair dheonach le heagraíocht oideachais nó forbartha thar lear.
- Bí ag obair ar scéim oideachais i gceantar atá faoi mhíbhuntáiste.
- Bí páirteach i dtraenáil spóirt.
- Bí páirteach i gCumann Gaelach do choláiste agus sna cumainn ealaíona.
- Faigh post samhraidh sa Ghaeltacht.
- Glac páirt i gclár chreidiúnaithe dheonacha agus sheach-churaclaim (comhpháirteachas poiblí).

de Chomhairle Bharra na hÉireann is ea abhcóidí a bhfuil Gaeilge acu, agus tá breis agus 202 acu cláraithe mar Ghaeilgeoirí líofa nó mar Ghaeilgeoirí atá in ann a bheith ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Baineann cuid mhór dlíodóirí úsáid as an nGaeilge ina gcuid oibre freisin, agus 269 dlíodóir ar chlár Gaeilge Dhlí-Chumann na hÉireann ó Mheitheamh 2024. Soláthraíonn an AE ról freisin mar dhlítheangeolaithe.

[Féach próifíl Kate Ní Chonfhaola ar leathanach 38 le haghaidh eolais faoin obair mar abhcóide.](#)

[Féach próifíl John Uí Liodáin ar leathanach 39 faoina bheith ag obair san earnáil phoiblí leis an nGaeilge.](#)

Obair sa Ghaeltacht

Tá oifigí ag an Roinn Forbartha Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta i gceantair áirithe Ghaeltachta. Caithfidh sé a bheith ar chumas na n-údarás poiblí seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge.

Is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás poiblí atá freagrach as forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch na Gaeltachta. Tacaíonn sé le gnóilachtaí nuathionscanta chomh maith le heagraíochtaí pobail agus forbartha teanga.

[Tá roinnt de na meáin chraolacháin agus chlóite lonnaithe sa Ghaeltacht \(féach 'Na Meáin' ar leathanaigh 8–11\). Tá pobal beo ealaíon inti, lena n-áirítear na hamharcealaíona agus na taibhealaíona, a dtacaíonn Ealaín na Gaeltachta leo \(féach 'Cultúr' ar leathanaigh 17–19\).](#)

Tá an Ghaeltacht mar a shaináithnítear í go traidisiúnta ag athrú. Mar thoradh ar Acht na Gaeltachta 2012, tugadh aitheantas do 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta. Roghnaíodh eagraíocht i ngach pobal le bheith ina cheanneagraíocht agus an próiseas a stiúradh sa réigiún. Aontaítear plean teanga seacht mbliana leis an gceanneagraíocht: Tá roinnt de na LPT sa séú bhliain d'fheidhmiú an phlean teanga, agus i gceantair eile níltear ach ag tús an phróisis. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann do chéimithe le spéis i bhforbairt teanga agus pobal.

De réir an Achta freisin, is féidir líonraí Gaeilge atá aitheanta ag an Stát a bhunú. Tabharfar aitheantas do ghrúpaí pobail a chlothaíonn agus a chuireann an teanga chun cinn taobh amuigh de na ceantair Ghaeltachta, mar shampla, Cluain Dolcáin i mBaile Átha Cliath.

Gaeltacht uirbeach faoi bhláth is ea An Cheathrú Ghaeltachta i mBéal Feirste, agus tá cuid mhór deiseanna ansin do chéimithe ar mian leo a bheith ag obair i bhforbairt na teanga. Is é Údarás na Gaeltachta atá freagrach as comhordú an phróisis

phleanála teanga sa Ghaeltacht, agus is é Foras na Gaeilge atá freagrach as lasmuigh den Ghaeltacht oifigiúil.

An Coimisiún Eorpach

Tá éagsúlacht post ar fáil sa Choimisiún Eorpach mar riarthóirí, cúntóirí, gníomhairí conartha, foireann shealadach agus gníomhairí sealadacha. Iarratasóirí oiriúnacha is ea céimithe a bhfuil Gaeilge líofa acu as siocair gur teanga oifigiúil de chuid na hEorpa anois í an Ghaeilge. Cuireann an Coimisiún Eorpach cúrsaí oiliúna agus deiseanna intéirneachtaí ar fáil do chéimithe.

[Féach leathanaigh 41–46 le haghaidh eolais maidir le staidéar iarchéime.](#) ●



Acmhainní

Acmhainní ginearálta

- An Coimisinéir Teanga www.coimisineir.ie Cearta teanga a chosaint: Láithreán Gréasáin oifigiúil an Choimisinéara Teanga
- Poist leis an Rialtas Áitiúil www.localgovernmentjobs.ie Folúntais leis an Rialtas Áitiúil
- Láithreán Gréasáin Earcaíochta Státseirbhís Thuaisceart Éireann www.nicsrecruitment.gov.uk
- An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí www.publicjobs.ie
- An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne epso.europa.eu Gairmeacha sna hInstitiúidí Eorpacha
- www.gradireland.com/careers-advice/public-services-and-administration Rannóg na hearnála poiblí agus na státseirbhíse ar gradireland.com.
- Údarás na Gaeltachta www.udas.ie
- Gaelphobal www.gaelphobal.ie
- Gréasán na Gaeilge www.greasangaeilge.ie Gréasán agus eolas faoi fholúntais dóibh siúd ag obair san earnáil phoiblí

Sláinte

- Acadamh na Lianna www.twitter.com/acadamhnalianna

Oideachas

- Gaeloideachas www.gaeloideachas.ie Scolaíocht lán-Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt
- Altram www.altram.org Traenáil agus eolas don luathoideachas
- Comhar Naíonraí na Gaeltachta www.comharnaionrai.ie

- Gael Linn www.gael-linn.ie Oideachas in earnáil an Bhéarla agus d'aosaigh a fhorbairt
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta www.cogg.ie Acmhainn le haghaidh theagasc na Gaeilge i scoileanna
- Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG) www.comhairle.org An grúpa ionadaíoch a bhfuil sé mar aidhm aige oideachas lán-Ghaeilge a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh i dTuaisceart Éireann
- Eolaire Ghael Linn www.gael-linn.ie/ga/directory Acmhainní d'fhoghlaimoírí Gaeilge agus múinteoirí
- An tÁisíonad www.aisaionad.org Ábhair oideachais d'earnáil an Ghaeloideachais
- EducationPosts.ie www.educationposts.ie Láithreán Gréasáin earcaíochta oideachais
- An Foras Pátrúnachta www.foras.ie Pátrún ar scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile
- Coimisiún Fulbright in Éirinn www.fulbright.ie
- Fondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Cheanada www.icuf.ie
- www.gradireland.com/careers-advice/teaching-and-education Rannóg an teagaisc agus an oideachais ar gradireland.com
- www.gaelchultúr.com Gearrchúrsaí i nGaeilge dóibh siúd ar mhaith leo a bheith ag obair trí Ghaeilge
- Creidim Ionat Acmhainní, áiseanna agus suíomhanna úsáideacha www.forasnagaeilge.ie/acmhainni-aiseanna-agus-suiomhanna-usaideacha

5 leid: ag lorg post le Gaeilge



1. Cuir isteach do CV as Gaeilge

Ná cuir CV as Béarla chuig fostóir Gaeilge – cuirfear sa bhrúscar é. Tá fostóirí ag lorg bealaí tapúla le hiarrthóirí a chur as an áireamh; déanann CV as Béarla seo an-éasca dóibh. Bí cinnte go bhfuil do litir chlúdaigh agus do ríomhphost as Gaeilge chomh maith. Is deis iontach é do CV do chuid scileanna scríbhneoireachta as Gaeilge a thaispeáint.

Uaireanta, bíonn comhlachtaí nach bhfuil an Ghaeilge mar phríomh-theanga chumarsáide acu ag lorg duine le Gaeilge. Sa chás seo, is smaoineamh maith é CV Gaeilge agus CV Béarla a chur isteach.



2. Iarr ar dhuine eagarthóireacht a dhéanamh ar d'iaratas

Má dhéanann tú botún gramadaí le linn agallaimh, is botún é. Má dhéanann tú botún gramadaí i do CV, is leisciúlacht é. Faigh duine le Gaeilge chruinn le breathnú air. Seans go mbeidh ort íoc as, ach is fiú é.

Má tá tú fós ar an ollscoil, bíonn liosta de theagascóirí ag ollscoileanna ar nós seo (Ollscoil na Gaillimhe). D'fhéadfá ceist a chur ar an gCumann Gaelach chomh maith. Mura bhfuil tú san ollscoil, d'fhéadfá dul i dteagmháil le comhlacht aistriúcháin ar nós snasta.ie.

3. Glac páirt i saol na Gaeilge

Má tá tú páirteach i saol na Gaeilge go deonach, beidh sé soiléir d'fhostóirí go bhfuil spéis phearsanta agat sa teanga. Tá an spéis seo tábhachtach do phoist i gcur chun cinn na Gaeilge go háirithe.

Má tá grúpa cairde agat a labhraíonn Gaeilge, seans maith go gcloisfidh tú go sóisialta faoi phoist atá ar fáil. Seans go mbuailfidh tú le duine atá ag fágáil poist gur féidir leat cur isteach air, mar shampla.

Má ghlacann tú páirt i bhfeachtais Ghaeilge, beidh ábhar cainte agat d'aon agallamh poist. In an-chuid agallamh, iarrtar ort labhairt faoi am a raibh ort deacracht a sháru ag an obair nó faoi am gur oibrigh tú go héifeachtach ar fhoireann. Tá níos mó eolais faoi fheachtais reatha na Gaeilge ar fáil ag cnag.ie.

4. Oibrigh leis na coláistí samhraidh

Is deis iontach iad na coláistí samhraidh do dhaoine óga, ní hamháin chun airgead a thuilleamh agus a gcuid Gaeilge a fheabhsú, ach chun cairde a labhraíonn Gaeilge a dhéanamh. Fanann an-chuid Ard-Chinnirí i dteagmháil tar éis dheireadh a gcúrsaí. Bíonn siad in ann comhairle a roinnt agus cabhrú lena chéile agus iad ag lorg poist tar éis na hollscoile.

5. Coinnigh súil amach ar líne

Cuirtear folúntais na Gaeilge ar fad ar fáil in aon áit amháin ag www.scéal.ie/foluntais. Fógraítear poist trí Ghaeilge nó poist ina bhfuil an Ghaeilge mar bhuntáiste acu. Déantar uasdátú ar an leathanach gach lá le cinntiú go bhfuil na folúntais is déanaí le feiceáil. Tógtar fógraí ó shuíomhanna ghrúpaí Gaeilge chomh maith le suíomhanna poist ar nós irishjobs.ie, gradireland.com agus indeed.ie. Más maith leat na poist seo a aimsiú duit féin, bealach amháin le teacht orthu ná "irish language" nó "gaeilge" a chur isteach sna boscaí cuardaigh ar na suíomhanna seo.

Comhairle agallaimh do phost le Gaeilge



Déan taighde ar an gcomhlacht

An eagraíocht Ghaeilge iad? An comhlacht idirnáisiúnta iad? An bhfuil baint acu leis an Aontas Eorpach? Ba chóir duit i gcónaí an-chuid taighde a dhéanamh ar an eagraíocht nó comhlacht atá ag tairiscint an agallaimh duit. Is ceist í a chuirtear go minic in agallaimh 'Cad a cheapann tú faoin obair atá idir lámha againn?' Más féidir leat a léiriú go bhfuil an-tuiscint agus cur amach agat ar an eagrais atá i gceist, rachaidh sé sin i bhfeidhm ar na hagallóirí. Is fiú am a chur ar fáil duit féin ar mhaithe le léitheoireacht a dhéanamh ar stair an eagrais mar aon lena staid sa lá atá inniu ann.

Déan anailís ar an bpost

Is fiú go mór díriú isteach ar céard é go díreach a bhaineann leis an bpost atá i gceist. Léigh trí na riachtanais atá le feiceáil ar an bhfógra: Cad iad na scileanna oiriúnacha atá agat atá luaite air? An bhfuil gné den phost a bhfuil saineolas agat inti? An bhfuil baint ag aon chuid de na dualgaí le ról a bhí agat roimhe seo? Is iomaí cineál anailíse gur féidir déanamh chun cinntiú go bhfuil tú réidh agus ullamh sula leagann tú cos sa seomra agallaimh. Molaimid duit nótaí a bhreacadh síos ionas go mbeidh tú in ann breathnú ar na rudaí is fearr le rá agat.

Cuir seicliosta cuimsitheach le chéile

Agus tú ag ullmhú d'agallamh, tá an-chuid gnéithe éagsúla le plé leo, idir rudaí luaite ar an liosta seo agus rudaí praiticiúla eile: An bhfuil turas fada le déanamh ar maidin an agallaimh, nó an mbeidh ort leathlá a ghlacadh ó phost eile, cuir i gcás. Beidh

gach rud níos éasca agus seicliosta agat. Cuireann sé ord agus eagar ar do chuid ullmhúcháin agus ar na gnéithe eile a bhaineann leis an agallamh. Beidh faoiseamh ort nach bhfuil dearmad déanta agat ar na mionrudaí agus tugann sé an deis duit a bheith níos compordaí agus lá an agallaimh ag druidim leat.

Caith éadaí oiriúnacha

Ba chóir am a chur ar leataobh ar mhaithe le do chuid éadaí a ullmhú. Tá méid ama teoranta agat tú féin a chur i láthair do na hagallóirí agus tugann éadaí deis duit léiriú a dháiríre is atá tú faoin bpost. Bí cinnte go gcaitheann tú éadaí néata agus snasta, mar aon le héadaí a mbíonn tú ar do chompord iontu. Cinntigh go bhfuil na héadaí a bheidh á gcaitheamh agat glan agus iarnáilte agus go mbíonn cuma phroifisiúnta orthu. Má cheapann tú go bhfuil ball éadaigh áirithe píosa beag róbheag nó rómhór, b'fhearr é a sheachaint.

Smaoinigh faoi na deiseanna ardú céime

Caithfear a bheith ag smaoineamh chun cinn agus tú ag ullmhú do do chuid agallamh. An luaitear aon rud faoi dheiseanna ardú céime i sonraí fhógra an phoist? An bhfuil an chuma ar an scéal go mbeidh poist eile ar fáil le do chonradh? Más maith leat gairm a bheith agat in earnáil ar leith, is fiú machnamh a dhéanamh ar na deiseanna a nochtar duit sa toadhchá. Chomh maith leis sin bíonn ceisteanna againn uilig faoi chúrsaí airgid. Má tá tú in amhras faoin tuarastal, is fiú i gcónaí an mata a dhéanamh: an mbeidh mé in ann maireachtáil go compordach leis an méid seo airgid? Cuir do chuid taistil agus do chuid chíosa san áireamh.

Bí aireach ar an glog agus ar do chuid cainte

Agus tú san agallamh é féin, ba chóir súil leanúnach a choimeád ar an am. Má tá cur i láthair nó tasc le déanamh agat lena linn, bí cinnte nach ritheann tú thar an méid ama atá curtha ar leataobh dó. Léiríonn sé seo an díogras atá agat agus go bhfuil tú in ann cloí le rialacha atá leagtha amach duit roimh ré. Bain úsáid as uaireadóir agus tú ag cleachtadh chun an t-am a thomhas. Is ionann an cur chuige i gcás ceisteanna a fhreagairt chomh maith; déan do dhícheall an bleadar agus an béarlagair a sheachaint i do chuid freagraí agus ná téigh ar seachrán leo. Más féidir leat freagra díreach gonta a thabhairt ar cheist atá curtha ort, léiríonn sé sin muinín agus compord do na hagallóirí agus gur féidir leat a bheith beacht agus cruinn i do chuid oibre. ●



Is cinnte gur buntáiste mór í an Ghaeilge

Úna Ní Fhlaithearta

Oideachas BA Onóracha Dúbailte sa Ghaeilge agus Tíreolaíocht, Ollscoile Mhá Nuad; Ard-Teastas san Oideachas Bunscoile, Coláiste Hibernia

Post Múinteoir Bunscoile

Fostóir Gaelscoil, Cill Dara

Bhain mé mo chéim amach in 2004 le hOllscoil Mhá Nuad. Thug mé faoi chéim dhúbailte sna healaíona a dhéanamh, an Ghaeilge agus an tíreolaíocht. Bhí sé sin déanta in 2008 agam agus ina dhiaidh sin thug mé faoin Ard-Teastas a dhéanamh le Hibernia College in 2010. Tá mé i mo mhúinteoir cáilithe ó shin agus tá seacht mbliana caite agam i nGaelscoil i ndeisceart na cathrach agus i nGaelscoil eile i gCill Dara.

Is cinnte gur buntáiste mór í an Ghaeilge agus mé ag tabhairt faoin múinteoireacht bhunscoile. Úsáidim go laethúil í, bíim á húsáid leis na páistí agus, ar ndóigh, is ábhar don churaclam í agus bíim á húsáid ar an mbealach sin.

Scil amháin atá de dhíth agus tú mar mhúinteoir bunscoile ná an tsolúbthacht. Cé go mbíonn clár ama leagtha amach agat go hálainn, ní mar sin a bhítear i gcaitheamh an lae. Is gá go mbeadh tú in ann rudaí a athrú. Is gá go mbeadh tú in ann tabhairt faoi éagsúlacht sa seomra ranga. Scaití tarlaíonn rud éicint agus,

cibé ceacht atá ar bun agat, is gá duit dul leis an bhfadhb, b'fhéidir, atá ann nó is gá duit tabhairt faoi rud éicint eile. Cinnte is gá duit a bheith solúbtha.

Is dóigh gurb é an rud is mó a thaitníonn liom ná an éagsúlacht. Bíonn chuile lá éagsúil. Bíonn chuile bhliain éagsúil, cé go mbeadh, b'fhéidir, an aoisghrúpa céanna agat. Ní hionann na páistí ar fad ar chor ar bith agus cé go mbeadh an líon páistí sa rang mar a chéile, bíonn éagsúlachtaí cumais ann. Is gá duit cineál idirdhealú a dhéanamh ar an obair atá ar siúl agat do pháiste amháin agus do pháiste eile agus taitníonn sé sin go mór liom.

An chomhairle is mó a bheadh agam ar dhuine éicint atá ag tabhairt faoin múinteoireacht bhunscoile ná gabháil leis! Má thaitníonn páistí leat, má thaitníonn daoine leat, má thaitníonn sé leat a bheith ag obair go dian, mar is post deacair é, gabh leis. Tabhair faoi, tabhair faoin múinteoireacht agus tá mé cinnte go dtaitneoidh sé go mór leat. ●



Is ateangaire comhdhála creidiúnaithe d'Institiúidí an Aontais Eorpaigh mé

Breda Ní Mhaoláin

Oideachas Gaeilge agus Staidéar Síceolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; MA – Staidéar an Aistriúcháin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Diplóma larchéime san Ateangaireacht Chomhdhála, OÉ Gaillimh; Diplóma sa bhFraincis OÉ Gaillimh

Post Aistritheoir – Grád II

Fostaí Seirbhís Thithe an Oireachtais


Bhain mé MA i Staidéar an Aistriúcháin amach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2006. Ina dhiaidh sin, chuir mé seirbhísí teanga ar fáil ar bhonn féinfhostaithe ar feadh roinnt mhaith blianta mar aistritheoir, mar ateangaire, mar thras-scriobhaí agus mar chomhairleoir teanga. Is ateangaire comhdhála creidiúnaithe d'Institiúidí an Aontais Eorpaigh mé agus chaith mé seal (2011–2012) mar léachtóir ar an gcúrsa máistreachta san Ateangaireacht Chomhdhála in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Faoi láthair, is eagarthóir reachtúil

mé le Rannóg an Aistriúcháin i Seirbhís Thithe an Oireachtais.

Chuir mé isteach ar chomórtas a bhí fógartha ar líne in 2009 agus rinne mé scrúdú agus agallamh mar chuid den phróiseas earcaíochta. Tháinig cosc ar earcaíocht isteach an bhliain sin ach, ar deireadh thiar thall, tháinig litir ag cur in iúl go raibh post á thairiscint dom. Táim ag obair le Seirbhís Thithe an Oireachtais ó shin.

Faoi láthair táim ag obair mar eagarthóir i Rannóg an Aistriúcháin. Mar aistritheoir, caithfidh tú a bheith fíorchúramach i do chuid oibre agus caithfidh tú a bheith i do shaineolaí ar an ngramadach. Bíonn ort déanamh cinnte go bhfuil chuile fhocal beo ceart agus foighne a bheith agat le gur féidir leat an toradh sin a bhaint amach. Le linn an ghnáth-sheachtaine oibre bíonn orm achtanna a chur le chéile, a thiomsú agus a sheiceáil ó thaobh na gramadaí agus na téarmaíochta de leis an rud uilig a thabhairt le chéile. D'fhéadfainn a bheith ar róta leis na teidil fhada do na hachtanna a aistriú agus d'fhéadfainn a bheith ar chúram oíche freisin, nuair a shuíonn na tithe go déanach sna tráthnónta. Chomh maith leis sin, d'fhéadfainn a bheith ag cruinnithe den Choiste Cumarsáide inmheánach. Is as Conamara dom agus toisc gur tógadh le Gaeilge mé, taitníonn sé go mór liom go bhfuil an deis chéanna agam an Ghaeilge a labhairt anseo i mBaile Átha Cliath. Sna hoifigí i Rannóg an Aistriúcháin bíim ag labhairt i nGaeilge chuile lá agus tá úsáid laethúil á baint agam as na réimsí a ndearna mé staidéar orthu. ●

Tá go leor scileanna éagsúla ag teastáil le bheith i d'abhcóide



Kate Ní Chonfhaola

Oideachas BCL Díl Sibhialta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Máistreacht Díl Idirnáisiúnta, Ollscoil Dhún Éideann; Céim Abhcóide, Óstaí an Rí; Ard-Diplóma sa Dírchleachtadh trí Ghaeilge, Óstaí an Rí

Post Abhcóide

Fostaí Féinfhostaithe

Fuair mé mo phost mar abhcóide mar go ndearna mé cúrsa bliana in Óstaí an Rí tar éis dom céim a dhéanamh in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh sa Dlí. I ndiaidh an chúrsa bliana sin, is féidir leat tosú láithreach mar abhcóide ach dhá bhliain a chaitheamh le habhcóide eile le taithí a fháil ar an bpost.

Braitheann gnáthsheachtain oibre ar an obair atá ar siúl agat mar abhcóide; má tá tú ag obair faoin tuath bíonn ort a bheith ag taisteal ó áit go háit ag freastal ar na cúirteanna agus, má tá tú lonnaithe i mBaile Átha Cliath, caitheann tú an chuid is mó den am sna Ceithre Cúirteanna. Tá mise lonnaithe i mBaile Átha

Cliath agus caithim maidin nó dhó in aghaidh na seachtaine sa chúirt sna Ceithre Cúirteanna. Taobh amuigh de sin, bíim ag scríobh litreacha nó ag cur comhairle ar chliaint.

Tá go leor scileanna éagsúla ag teastáil le bheith i d'abhcóide agus má tá na scileanna sin agat, tá tú in ann iad a úsáid ar bhealaí éagsúla, ag brath ar an obair atá á déanamh agat. Ach, ní cheapfainn gur chóir duit smaoineamh ar bheith i d'abhcóide mura bhfuil tú in ann déileáil le brú agus a bheith in ann maireachtáil ar easpa airgid ar feadh cúpla bliain. Rud tábhachtach eile ná go mbeifé in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine.

Tá go leor rudaí a thaitníonn liom faoi mo phost ach ceann de na rudaí is fearr ná go mbíonn tú ag obair duit féin agus tá go leor buntáistí ag baint leis sin. Tar éis duit cáin a íoc, mar shampla, is féidir leat an chuid eile den táille a íocadh leat a choimeád. Chomh maith leis sin, is fút féin atá sé saoire a ghlacadh agus ní bhíonn ort cead a lorg ón aon duine eile. Ach, ar ndóigh, tá go leor féinsmachta ag baint leis an ngairm freisin. ●



Tá na postanna ann, tá na deiseanna ann

Milène Fegan

Oideachas BA sa bhFraincis le Gaeilge

Post Léiritheoir agus Stiúrthóir Teilifíse

Fostóir Waddell Media

Le deich mbliana anuas tá réimse leathan cláracha teilifíse déanta agam i nGaeilge agus i mBéarla, agus rinne mé céim sa Fhraincis chomh maith agus mar gheall air sin bhí deiseanna taistil agam go Madagascar agus go dtí an Fhrainc fosta. Idir chláracha faisnéise, cláracha siamsaíochta agus na cineálacha cláracha is fearr liom, na cláracha taistil, a bhím ag obair air.


Ba í an Ghaeilge an buntáiste draíochta domsa agus ba í an chéim isteach a d'oscail an doras dom chun a bheith ag obair in earnáil na meán cumarsáide. Murach an Ghaeilge cha bheadh an buntáiste breise sin agam. A luaith is a chríochnaigh mé an chéim, Gaeilge agus Fraincis, mhothaigh mé go raibh scéim oiliúna ag an Chiste Craoltóireachta Gaeilge mar chuid de Scannán Thuaisceart Éireann. Chuaigh mé díreach ón ollscoil mar gheall go raibh céim agam sa Ghaeilge – char raibh aon scileanna ceamadóireachta agam riamh. Cha raibh aon eagarthóireacht déanta agam riamh. Bhí mé ábalta dul isteach agus a bheith ag obair i gcomhlacht ar feadh bliain iomlán, fostaíthe agus íoctha, agus ansin bhí bliain iomlán de thaithí agam in earnáil na meán

cumarsáide agus is mar gheall ar an bhuntáiste sin, go raibh céim agam sa Ghaeilge, go bhfuair mé an deis.

Le bheith i do léiritheoir teilifíse tá sé ina bhuntáiste iontach má tá tú ábalta feidhmiú gan mórán codlata, má tá tú ábalta feidhmiú lán le fuinneamh fá choinne na laethanta móra fada taifeadta atá i gceist. A bheith iontach eagraithe, a bheith ábalta rudaí a phleanáil, cumarsáid le do chuid criú, cumarsáid leis na rannpháirtithe a bheas tú ag dul faoi agallamh leo agus a thaifead, agus chomh maith leis sin a bheith ábalta fanacht dearfach, nárbh é deireadh an domhain más é nach n-oibríonn rud éigin amach agus go bhfuil tú ábalta smaoineamh ar an bhomaite seo pleán B, seo pleán C, seo an réiteach ar an scéal.

Tosnaíonn a lán daoine amach in earnáil na teilifíse mar thaighdeoirí agus níl aon chéim ar leith de dhíth le bheith i do thaighdeoir. Is féidir le duine ar bith, i mo thuairim féin, dul isteach in earnáil na teilifíse, i gcomhlacht teilifíse, agus a bheith ag obair mar thaighdeoir. Lean ort. Tá na postanna ann, tá na deiseanna ann, agus níl rud ar bith do do choinneáil siar ó cibé rud atá tú ag iarraidh a dhéanamh. ●

Le deich mbliana anuas tá réimse leathan cláracha teilifíse déanta agam i nGaeilge agus i mBéarla, agus rinne mé céim sa Fhraincis chomh maith agus mar gheall air sin bhí deiseanna taistil agam go Madagascar agus go dtí an Fhrainc fosta.



Is maith liom dúshlán nua a thabhairt dom féin

Cuán Ó Flatharta

Oideachas B.Oid; Scoláireacht Fulbright

Post Príomhoide

Fostóir Gaelscoil na Giúise

Tá an t-ádh dearg orm ar slí, an buntáiste athá an Ghaelainn tar éis tabhairt dom i mo shaol sa slí is gur tógadh mé le Gaeilinn. Thá Gaeilinn a'm ón gliabhán. Ar slí amháin níl a mhalairt ar eolas agam. Níl an Ghaelainn ach tar éis doirse a oscailt dom mo shaol ar fad, ní hamháin domsa ach do mo mhuintir ar fad. Is dócha, agus mé ag fás aníos, thuigeas gur buntáiste í an Ghaelainn dom, go gcabhródh sí liom agus mé ag staidéar. Thuigeas go mbeadh deiseanna ar fáil maidir le tabhairt faoi jabanna faoi leith ná mbeadh ag daoine eile mar ná raibh an buntáiste ó thaobh na teanga de. Bhí an t-ádh liomsa i ndiaidh a bheith ag múineadh ar feadh roinnt blianta de bharr go raibh an Ghaelainn agam, go rabhas in ann tabhairt faoi scoláireacht Fulbright a thug deis dom imeacht go hollscoil i Meiriceá, scoláireacht saor in aisce, ní hamháin le staidéar thall ann, ach bhíos in ann Gaeilinn a mhúineadh do rang i Meiriceá. Rudaí beaga mar sin athá an Ghaelainn tar éis a thabhairt domsa.

Is dócha an fáth a dteastaíonn uaim tabhairt fé a bheith i mo phríomhoide ná bhí deich mbliana iontacha caite agam sa seomra ranga agus cheapas go raibh

Tá an t-ádh dearg orm ar slí, an buntáiste athá an Ghaelainn tar éis tabhairt dom i mo shaol sa slí is gur tógadh mé le Gaeilinn. Thá Gaeilinn a'm ón gliabhán.

sé in am dom dúshlán nua a thabhairt dom féin. Bhíos tar éis gach réimse ranga a mhúineadh ó na naíonáin go rang a sé agus d'fhéadfainn a bheith tar éis fáilt ana-chompórdach, agus is saol iontach saol an mhúinteora. Ach is dócha thá rud éigin ionam, agus bhí riamh, gur mhaith liom dúshlán nua a thabhairt dom féin. Bhí deich mbliana iontacha caite agam ar Scoil Lorcáin i mBaile na Manach agus i Meán Fómhair 2017 ceapadh mé i mo phríomhoide i nGaelscoil na Giúise, Gaelscoil nuabhunaithe le cúig bliana anuas – foirgneamh nua á thógáint – agus scoil athá ag fás agus thá súil agam go rachaidh sí ó neart go neart.

Ní dóigh liom go bhfuil gnáthsheachtain oibre agam i láthair na huaire. Ní hamháin go bhfuilim mar phríomhoide, thá mé ag múineadh chomh maith, mar sin bím ag múineadh mo ranga, rang na naíonán sinsear, ó Luan go hAoine. Ina dhiaidh sin, bím ag tabhairt fé riarachán scoile, bualadh le tuismitheoirí, déileáil

leis an Roinn. Is dúshlán iomlán éagsúil a bhíonn agam gach aon seachtain, athá deas mar ní bhíonn aon lá nó seachtain mar an gcéanna.

Mar mhúinteoir, i dtús báire, caithfidh tú a bheith foighneach. Má thá tú ag deileáil le geaig iontach óg atá ag foghlaim is dócha go gcaithfidh rud éigin a bheith istigh ionat chun cabhrú le daoine foghlaim. Scileanna athá uait mar phríomhoide, is dóigh liom, ná cinnte a bheith foighneach, ach scileanna. cumarsáide agat, a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh le leanaí, le múinteoirí agus le tuismitheoirí agus grúpa a thabhairt leat. Sin, is dócha, an scil is tábhachtaí, ach mar aon leis sin caithfidh tú a bheith tuisceanach; caithfidh tú a bheith báúil do cad atá ag tarlú i saol daoine eile. Ní fheadraís riamh cad atá ag tarlú ag an mbaile agus nuair athánn tú mar bhainisteoir ar ghrúpa múinteoirí, caithfidh sé sin a bheith ar chúil do chinn i gcónaí is tú ag tabhairt fén lae oibre. ●



Tá éagsúlacht ana-dheas ann

Cormac Breathnach

Oideachas BA Síceolaíocht, COBÁC; MA Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge, COBÁC

Post Bainisteoir Tionscadail Foclóireachta Fhoras na Gaeilge

Fostóir Féinhostaithe

Tá neart taithí oibre agam ó d'fhágas an ollscoil. Fé láthair táim ag obair mar eagarthóir ar an bhFoclóir Nua Béarla–Gaeilge. Tá seal caite agam i m'eagarthóir cúnta leis an nGúm agus anuas air sin tá roinnt tograí deonacha déanta agam, mar shampla bhíos mar chuid den bhfoireann a dhein logánú ar Gmail, Whatsapp agus Twitter agus neart tograí beaga mar sin.

Cheapfadh go leor daoine go mbeadh an cruinneas ar an rud is tabhachtaí ar fad ar fad agus tú ag plé leis an bhfoclóir agus, dar ndóigh, thá sé sin thar a bheith tábhachtach. Bíonn braistint nó iomas ag teastáil i leith na teanga agus tá cinneadh le déanamh cé na focail nó cé na habairtí a bheadh tábhachtach sa bhfoclóir nó cé ná beadh, le cad ba chóir a chaitheamh amach, cad ba chóir a choinneáil, mar shampla. Mar sin, tá cruinneas ana-thábhachtach ar fad ach, chomh maith leis sin, scileanna ríomhaireachta, táid anathábhachtach. Bíonn scileanna idirphearsanta ag teastáil mar bíonn tú ag plé le heagarthóirí eile. Is gá, is dócha, nach mbeifeá cosantach mar gheall ar do chuid oibre féin mar i gcónaí bíonn duine ann athá níos eolaí, mar sin is gá a bheith umhal sa phost.

Chomh maith leis sin tá an deis agam a bheith ag obair le cuid de na Gaeilgeoirí, cuid de na cainteoirí Gaeilge is fearr sa tír, agus is mór agam deis mar sin a bheith agam, agus is dócha an tríú rud ná an éagsúlacht.

Tá go leor rudaí a thaitníonn liom mar gheall ar an bpost. Ar an gcéad dul síos, creidim go n-oireann an post go mór don réimse scileanna atá agam. Is breá liom cúrsaí teanga, is breá liom cúrsaí gramadaí, fiú, agus oireann sé sin go mór domsa sa phost. Chomh maith leis sin tá an deis agam a bheith ag obair le cuid de na Gaeilgeoirí, cuid de na cainteoirí Gaeilge is fearr sa tír, agus is mór agam deis mar sin a bheith agam, agus is dócha an tríú rud ná an éagsúlacht. Ní bhím ag plé le cúrsaí teanga agus le focail an t-am ar fad. Bíim ag plé le, abair, cúrsaí margaíochta. Sin gné ana-mhór den bhfoclóireacht anois. Caithfear an rud a dhíol, caithfidh go mbeidh daoine ag baint úsáide as. Bíim ag plé le cúrsaí poiblíochta, mar shampla,

leis an bpobal, agus go leor eile. Mar sin tá éagsúlacht ana-dheas ann.

An chomhairle a chuirfinn ar dhuine óg a bheadh ag iarraidh dul le haistriúchán nó le heagarthóireacht ná an deis a thapú san ollscoil é sin a dhéanamh ar bhonn deonach. Sin an príomhrud. Tá go leor nuachtán, mar shampla, insna hollscoileanna. Bí i d'eagarthóir Gaeilge leis an nuachtán, cruthaigh leathanach Gaeilge sa nuachtán, nó cruthaigh iris. Déan rud mar sin. Chomh maith leis sin is gá a bheith ag léamh ana-chuid. Caithfidh tú an teanga a thuiscint agus dul na teanga a thuiscint. Mar sin is gá a bheith ag léamh agus ag éisteacht le go leor leor Gaeilge chomh maith. ●



Caithfidh tú a bheith foighneach, caithfidh tú a bheith tuisceanach

Sorcha Ní Ghallchóir

Oideachas BA sa Luath agus Nua-Ghaeilge, Coláiste na Tríonóide; Dioplóma Iarchéime san Oideachas

Post Múinteoir Gaeilge Meánscoile

Fostóir Coláiste Naomh Mhicheáil

Nuair a bhí mé ar an ollscoil d'éirigh liom post a fháil mar chúntóir Gaeilge don Roinn

Teangeolaíochta agus theagasc mé Gaeilge ansin ar feadh cúpla bliain. Tar éis an chéim a bhaint amach chuaigh mé ar ais go Dún na nGall. Ní raibh a fhios agam cad a bhí mé ag iarraidh a dhéanamh agus d'éirigh liom, mar gheall ar an taithí a bhí agam ag teagasc mar chúntóir Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, post ar chonradh bliana a fháil ag teagasc i meánscoil. Shocraigh mé isteach sa phost sin agus tar éis sin cháiligh mé mar mhúinteoir Gaeilge ó Choláiste na Tríonóide. Ó shin fuair mé obair páirtaimseartha le coláistí samhraidh Ghael Linn agus bhí mo fheachtas féin ar bun agam i dTeach an Mháistire i nDún na nGall. Tá mé i mbun feachtais nua anseo i mBaile Átha Cliath – Gaelchampaí Gaeilge a chur ar siúl do dhaltai – cosúil leis an nGaeiltacht ach nach bhfuil orthu freastal ar na Gaeiltachtaí agus gur féidir leo taitneamh a bhaint as anseo i mBaile Átha Cliath.

Caithfidh ceannasaíocht mhaith a bheith agat don phost seo, caithfidh tú a bheith in ann cinní a dhéanamh, caithfidh tú a bheith eagraithe agus caithfidh

tú a bheith solúbtha mar ní gnáthphost é. Ní bhíonn do phost críochnaithe ar a cúig a chlog. Beidh an post ag teacht abhaile leat, ach caithfidh tú a bheith foighneach, caithfidh tú a bheith tuisceanach. Nuair a thosaigh mé ag teagasc níor thuig mé féin go raibh na scileanna sin agam ach chothaigh mé iad agus mé ar an jab.

Taitníonn liom a bheith ag spreagadh daoine mo theanga dhúchas féin a fhoghlaim ar dtús báire, agus is breá liom a bheith ag plé, tá mé níos compordaí ag plé as Gaeilge ná mar atá as Béarla. Bainim an-taitneamh as aon rud trí mheán na Gaeilge, mar sin tá an post foirfe domsa.

An chomhairle a bheas agam do dhuine ar bith ar mhaith leo a bheith ina múinteoir meánscoile, bunscoile nó tríú leibhéal, ná an Ghaeilge a chleachtadh i gcónaí agus a úsáid i gcónaí agus iad féin a chothú sa Ghaeilge agus i ngach suíomh Gaeilge atá ar fáil. Tá a lán ar fáil anseo, go háirithe i mBaile Átha Cliath. Agus ní an mhúinteoireacht amháin, ach tá a lán rudaí eile gur féidir leo

Caithfidh ceannasaíocht mhaith a bheith agat don phost seo, caithfidh tú a bheith in ann cinní a dhéanamh, caithfidh tú a bheith eagraithe agus caithfidh tú a bheith solúbtha mar ní gnáthphost é.

a dhéanamh, mar shampla go bhfuil mise anois i mbun mo ghnó féin. Tá a lán deiseanna ansin má chuireann tú d'intinn féin chuige. Díreann isteach ar an nGaeilge agus í a úsáid agus gan lagmisneach a bheith ort ó thaobh an méid daoine atá a labhairt faoi láthair. ●



Is aoibhinn liom a bheith ag obair i dtimpeallacht Ghaelach

Colm Ó hArgáin

Oideachas BA Cumarsáid, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; MA Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge, COBÁC

Post Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Fostaí Foras na Gaeilge

San ollscoil rinne mé BA sa Chumarsáid in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus MA i Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ina dhiaidh sin, fuair mé post mar léachtóir Gaeilge i gColáiste Oideachais Eaglais na hÉireann i Ráth Maonais ag cur oiliúint ar ábhair oidí. Chaith mé roinnt blianta ag léachtóireacht ansin agus bhí ranganna teagaisc á múineadh agam in institiúidí eile chomh maith. Anois táim ag obair le Foras na Gaeilge mar ardoifigeach feidhmiúcháin. Is aoibhinn liom a bheith ag obair i dtimpeallacht Ghaelach, áit ar féidir Gaeilge a labhairt le do chomhghleacaithe gach lá. Is breá liom an obair atá ar siúl agam faoi láthair ag taisteal na tíre ag obair le grúpaí pobail agus á ngríosadh le leas a bhaint as na scéimeanna maoinithe agus na tacaíochtaí eile a chuireann Foras na Gaeilge ar fáil. Is maith liom an ilghnéitheacht a bhaineann leis an obair agus tá go leor foghlamtha agam ó na réimsí éagsúla oibre a raibh mé ag plé leo ó thosaigh mé ag obair anseo. Is ceoltóir mé chomh maith agus tá an-bhaint agam le

Comhaltas Ceoltóirí Éireann. Mar chuid de sin, ceapadh mé mar Oifigeach Gaeilge Chomhairle Laighean. Sa phost sin, bím ag plé le hOifigigh Ghaeilge sna contaethe éagsúla i gCúige Laighean agus leis na craobhacha éagsúla leis an nGaeilge a chur chun cinn i measc an aos óig. Bhí an Ghaeilge ina buntáiste an-mhór dom go dtí seo. Nuair a d'fhág mé an ollscoil in 2008, ní raibh cúrsaí eacnamaíochta na tíre rómhaith ach caithfidh mé a rá nach raibh mé díomhaoin riamh agus gur bhain mé leas i gcónaí as an nGaeilge. Bhí mé ag teagasc ranganna oíche sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath chomh maith le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Mhá Nuad. Bhí mé ag obair sa mheánscoil, Coláiste Eoin, mar Mhúinteoir Riachtanas Speisialta ar feadh seal agus bím ag obair go fóill mar scrúdaitheoir le Teastas Eorpach na Gaeilge. Bhí mé i gcónaí in ann úsáid a bhaint as an nGaeilge sna réimsí éagsúla a raibh mé ag obair iontu. Ní féidir a shéanadh ach gur oscail an Ghaeilge neart doirse dom le blianta beaga anuas, chomh maith le saol sóisialta speisialta. ●

Cúrsaí oiliúna agus iarchéime

Le blianta beaga anuas, tá méadú ag teacht ar an soláthar cúrsaí agus ar an éileamh atá ar chúrsaí sa Ghaeilge agus trí mheán na Gaeilge.



I measc na gcúrsaí sa Ghaeilge agus trí mheán na Gaeilge, tá cláir lánaimseartha mháistreachta agus cúrsaí gearrthéarmacha oíche nó deireadh seachtaine. Tá an bhéim tar éis aistriú ó na cúrsaí Gaeilge níos traidisiúnta atá bunaithe ar an litríocht agus ar na healaíona go dtí cúrsaí a thugtar trí mheán na Gaeilge i raon leathan ábhar, mar ghnó, na meáin agus pleanáil teanga.

Éilíonn formhór na gcúrsaí iarchéime sa Ghaeilge ardscileanna Gaeilge labhartha agus scríofa, ach tá cúrsaí eile dírithe orthu siúd ar mhian leo feabhas a chur ar a scileanna agus ar a gcumas teanga chun iad a ullmhú don ionad oibre Gaeilge. Cuireann institiúidí tríú leibhéal raon leathan cúrsaí ar fáil agus tá cuid mhór roghanna dóibh siúd ar mhian leo triail a bhaint as cúrsa lae, deireadh seachtaine nó gearrthéarmach.

Tá cúrsaí MA agus Dioplóma Iarchéime ar bun i staidéar ar na meáin, i scileanna teanga agus i bpleanáil teanga, chomh maith le sainchúrsaí

dioplóma. Tá deiseanna taithí oibre agus oiliúna ar fáil i roinnt cúrsaí ar na meáin agus i roinnt cúrsaí gnó, rudaí ar féidir leo a bheith an-úsáideach sa todhchaí.

[Féach an chuid 'Post a Fáil' ar leathanaigh 4-5.](#)

Maoiniú le haghaidh cúrsaí

D'fhéadfadh maoiniú chun tabhairt faoi na cúrsaí seo a bheith ar fáil ó fhoinse éagsúla, lena n-áirítear an Roinn Forbartha Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta; go díreach ón ollscoil/coláiste; agus ó fhostóirí. Beidh mic léinn iarchéime a chomhlíonann na coinníollacha cáilithe le haghaidh an ráta speisialta deontais i dteideal a dtáillí teagaisc iarchéime a bheith íoctha suas go dtí an uasteorainn táillí. Féach www.studentfinance.ie le haghaidh tuilleadh faisnéise.

Tá roinnt scéimeanna scoláireachta taighde iarchéime ar fud na ndisciplíní i bhfeidhm ag Taighde Éireann.

Tairgeann roinnt ollscoileanna, amhail Fiontar OCBÁC agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath scoláireachtaí do mhic léinn. Tairgeann roinnt acu fóirdheontais le haghaidh scéimeanna cóiríochta campais na Gaeilge freisin (Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Luimnigh, Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath).

Cúrsaí oiliúna lae/deireadh seachtaine

Tá cuid mhór cúrsaí lae/deireadh seachtaine agus gearrthéarmacha ar fáil trí mheán na Gaeilge:

- Cuireann Gréasán na Meán de chuid Skillnet (www.greasannamean.ie), atá lonnaithe i nGaeltacht Chonamara, oiliúint ar fáil dóibh siúd a bhfuil spéis acu i dtionscal na meán. I measc na gcúrsaí go dtí seo, tá léiriúchán clár faisnéise, scéalaíocht trasmeán, smideadh do láithreoirí teilifíse, agus oiliúint i scileanna raidió.
- An Ciste Craoltóireachta Gaeilge (www.northernirelandscreen.co.uk). Cuireann CCG roinnt deiseanna éagsúla oiliúna ar fáil do Ghaeilgeoirí atá ag obair nó atá ag iarraidh a bheith ag obair san earnáil léiriúcháin neamhspleách i dTuaisceart Éireann, chomh maith le sparántacht dóibh siúd ar mian leo freastal ar chúrsaí oiliúna.
- Cuireann Learning Waves Skillnet (www.learningwaves.ie) oiliúint ar fáil sa Ghaeilge don raidió.
- Cuireann Stillwater Communications (www.stillwater.ie) comhairle chumarsáide chuimsitheach, oiliúint sna meáin, seirbhísí caidrimh phoiblí agus oiliúint gairme ar fáil. Cuireann siad na seirbhísí seo ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- Cuireann Gaelchultúr (www.gaelchultur.com) cúrsaí agus acmhainní foghlama Gaeilge ar fáil don phobal, dóibh siúd atá ag obair san earnáil poiblí agus do mhúinteoirí. Chomh maith leis sin, cuireann siad dioplóma iarchéime ar fáil san aistriúchán agus réachtálann siad cúrsaí Gaeilge ar líne ar a suíomh ríomhfhoghlama Ranganna.com. ●

Acmhainní

- www.studentfinance.ie Clliceáil ar 'Mic Léinn larchéime' le haghaidh faisnéise maidir le maoiniú d'iarchéimithe.
- Taighde Éireann www.research.ie.



Cúrsaí iarchéime agus scéimeanna oiliúna

Liosta cúrsaí atá ar fáil sa Ghaeilge agus trí mheán na Gaeilge.

Sa liosta thíos, tá cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha iarchéime sa Ghaeilgeachas, scéimeanna oiliúna agus cúrsaí ginearálta Gaeilge a bhí ar fáil nuair a cuireadh é seo i gcló. D'fhéadfadh sé gur forbraíodh cúrsaí eile ó shin. Tá liosta nuashonraithe de chúrsaí iarchéime ar fáil ag gradireland.com/further-study.

Na hEalaíona agus oidhreacht

Ealaíona

- Dioplóma sa Teagasc trí mheán na Gaeilge (Ealaíona) – An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Baile Átha Cliath

Oidhreacht

- Dioplóma larchéime/Ard-Dioplóma i mBéaloideas na hÉireann – An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- MA i mBéaloideas na hÉireann agus san Eitneolaíocht – An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- MA sa Léann Éireannach – An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Gnó agus TFC

- MSc/Dioplóma larchéime i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais (Tráchtas) – Fiontar BComm le Gaeilge, OCBÁC
- MSc sa Bhainistíocht agus Gnó Digiteach Fiontar, OCBÁC

Oideachas

Teagasc réamhscoile

- Teastas Gairmiúil sa Ghaeilge do Chleachtóirí – Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan

Teagasc Bunscoile

- Teastas larchéime san Oideachas (trí Ghaeilge – Bunscoil) – Coláiste Ollscoile Naomh Mhuire
- Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (trí Ghaeilge – Bunscoil) – Institiúid Oideachais Marino
- Máistir Gairmiúil san Oideachas (Bunscoil) – Roinn Froebel, Ollscoil Mhá Nuad
- Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Bunscoil) – Coláiste Mhuire Gan Smál
- Máistir Gairmiúil san Oideachas – Coláiste Hibernia (foghlaim cumaisc)
- An Scrúdú le hAghaidh Cailíochta sa Ghaeilge – Coláiste Mhuire Marino (cúrsa agus cáilíocht riachtanach le haghaidh múinteoir bunscoile a fuair oiliúint lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, seachas iad siúd an rinne an TICO, i gColáiste Mhuire.



Teagasc Iar-Bhunscoile

- Teastas Iarchéime san Oideachas (trí Ghaeilge – Meánscoil) – Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, Ollscoil Uladh agus Coláiste Mhuire
- Máistir Gairmiúil san Oideachas – Coláiste Hibernia
- Máistir Gairmiúil san Oideachas – Coláiste na Tríonóide
- Máistir Gairmiúil san Oideachas – Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Máistir Gairmiúil san Oideachas – An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Máistir Gairmiúil san Oideachas – Ollscoil Mhá Nuad
- Máistir Gairmiúil san Oideachas – Ollscoil na Gaillimhe

Oideachas: eile

- Teastas i Múineadh na Gaeilge (foghlaimoirí fásta) – Ollscoil Mhá Nuad
- Gaeilge Phraiticiúil do Mhúinteoirí Bunscoile (cúrsa samhraidh ar líne) – Gaelchultúr
- Conas an Ghaeilge a Mhúineadh go hÉifeachtach sa Seomra Ranga – Gaelchultúr
- Acmhainní Cumarsáide don Rang Gaeilge Bunscoile – Gaelchultúr
- Cluichí Cainte don Rang Gaeilge Bunscoile – Gaelchultúr
- Cúrsa Cruinnis do Mhúinteoirí Bunscoile – Gaelchultúr
- Fischúrsa Gramadaí do Mhúinteoirí Bunscoile – Gaelchultúr
- Dianchúrsa ullmhúcháin d'agallamh an MA Ghairmiúil san Oideachas – Gaelchultúr
- Cúrsa Ullmhúcháin do Scrúduithe an OCG/SCG – Oideas Gael
- Cúrsaí do mhúinteoirí ag ullmhú do Scrúdú Cáilíochta na Gaeilge agus cáilíochtaí eile – Oideas Gael
- An Ghaeilge: Cumarsáid, Comhlúadar agus Craic (Cumann Múinteoirí Éireann) – Oideas Gael
- MPhil sa Teangeolaíocht Fheidhmeach – Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath



Forbairt teanga

- MA/Diplóma Iarchéime (Léann Teanga) – Acadamh na hOllscolaíochta, Ollscoil na Gaillimhe

Litríocht agus teanga

Cuireann na hinstiitúidí seo a leanas réimse cúrsaí iarchéime ar fáil i réimsí traidisiúnta na Gaeilge ar nós na filíochta, an phróis, Gaeilge Luath, Meán-Ghaeilge, béaloideas agus stair na teanga.

- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach
- Ollscoil na Gaillimhe
- Ollscoil Mhá Nuad
- Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
- Coláiste Mhuire, Béal Feirste
- Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Ollscoil Luimnigh
- Ollscoil Uladh

Na meáin agus cumarsáid

- Diplóma Iarchéime/MA i gCleachtas Gairmiúil sna Meáin – Ollscoil na Gaillimhe
- Ard-Diplóma i Léiriú Teilifíse agus na Meán – Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt / Nemeton
- MA i Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge – An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Aistriúchán, ateangaireacht agus dlí

Aistriúchán agus dlí

- MA i Léann an Aistriúcháin – Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
- Diplóma Iarchéime san Aistriúchán – Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr
- Diplóma Iarchéime/MA san Aistriúchán agus Eagarthóireacht (Ar Líne) – Ollscoil Mhá Nuad
- MA (Léann an Aistriúcháin) – Ollscoil na Gaillimhe
- Ard-Diplóma san Aistriúchán Dlíthiúil – Óstaí an Rí
- Ard-Diplóma sa Dlítheangeolaíocht agus san Aistriúchán Dlíthiúil – Óstaí an Rí
- Ard-Diplóma sa Dlí-chleachtadh trí Ghaeilge – Óstaí an Rí
- MPhil san Aistriúchán Liteartha – Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- MA i Léann an Aistriúcháin – Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- MA sa Ghaeilge agus i nDlí na hEorpa – Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
- Ard-Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán, Europus

Ateangaireacht

- MA in Ateangaireacht do Chomhdhálaigh – Acadamh na hOllscolaíochta, Ollscoil na Gaillimhe
- MA san Ateangaireacht – Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.



Cúrsaí ginearálta Gaeilge

Ardoideachas

- Teastas Eorpach na Gaeilge – Ollscoil Mhá Nuad
- MA i Léann na Gaeilge – Fiontar, OCBÁC
- Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach – An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Ard-Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach – Ollscoil na Gaillimhe
- Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach – Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Diplóma Iarchéime sa Nua-Ghaeilge – Ollscoil na Gaillimhe
- MA/Diplóma Iarchéime sa Nua-Ghaeilge – An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Ard-Diplóma sna hEalaíona (Gaeilge) – Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- PhD sa Sean agus Meán-Ghaeilge – Ollscoil na Gaillimhe
- MA sa Nua-Ghaeilge – Ollscoil na Gaillimhe
- MLitt sa Nua-Ghaeilge – Ollscoil na Gaillimhe
- MA sa Nua-Ghaeilge – Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- MA sa Litríocht agus Cultúr Gaelach – Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- MPhil sa Ghaeilge – Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- MPhil sa Luath-Ghaeilge – Coláiste na Tríonóide
- MA sa Nua-Ghaeilge – Ollscoil Mhá Nuad
- MLitt sa Ghaeilge – Ollscoil Mhá Nuad

Ranganna oíche, deireadh seachtaine agus ar líne (ó thosaitheoirí go hardranganna)

Tá ranganna oíche agus deireadh seachtaine ar fáil tríd na heagraíochtaí seo a leanas:

- Gaelchultúr www.gaelchultur.com
- Conradh na Gaeilge www.cnag.ie
- Ranganna.com www.ranganna.com
- Gaelteanga www.gaelteanga.com
- Gael Linn www.gael-linn.ie
- Oideas Gael (Dún na nGall) www.oideas-gael.com
- Oidhreacht Chorca Dhuibhne (Iarthar Chiarraí) www.oidhreacht.ie
- Áras Mháirtín Uí Chadhain (Gaillimh) www.acadamh.ie
- An Droichead (Béal Feirste) www.androichead.com
- Ionad Uíbh Eachach (Béal Feirste) www.ionad.eu
- Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann www.etbi.ie

Acmhainní

- gradireland.com/further-study Cúrsaí iarchéime, scéimeanna oiliúna agus naisc chuig ollscoileanna
- Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge www.acadamh.ie Gaeloideachas ollscoile lonnaithe sa Ghaeltacht
- Conradh na Gaeilge www.cnag.ie Eagraíochtaí deonacha a chuireann an teanga chun cinn
- Fiontar DCU www.dcu.ie/fiontarscoilnagaeilge Scoil idirdhisciplíneach Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath: cúrsaí agus taighde trí mheán na Gaeilge
- Europus www.europus.ie Cuideachta chomhairliúcháin teanga
- SOLAS www.solas.ie An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
- Lárionad Gaeilge Má Nuad www.maynoothuniversity.ie/larionad-gaeilge-centre-irish-language
- Gaelchultúr www.gaelchultur.com Ranganna don phobal, do mhúinteoirí agus don earnáil phoiblí
- Ranganna.com www.ranganna.com Cúrsaí ar líne do mhúinteoirí, daoine fásta, don earnáil phoiblí agus sainchúrsaí eile
- Oideas Gael www.oideas-gael.com Cúrsaí Gaeilge do mhúinteoirí agus don phobal
- Gael Linn www.gael-linn.ie Cuireann teanga agus oidhreacht na Gaeilge chun cinn
- Scéal.ie www.scéal.ie Liosta cuimsitheach de ranganna Gaeilge
- Eolaire Ghael Linn www.gael-linn.ie/ga/directory Acmhainní d'fhoghlaimoirí Gaeilge agus múinteoirí

Acmhainní d'fhoghlaimoirí Gaeilge agus múinteoirí

- The Honorable Society of King's Inns www.kingsinns.ie Cúrsa ullmhúcháin sa dlí
- Nemeton www.nemeton.ie Cúrsa léiriúcháin teilifíse
- Northern Ireland Screen www.northernirelandscreen.co.uk Gníomhaireacht Náisiúnta scannán do Thuaisceart Éireann
- Riachtanas na Gaeilge www.ilrweb.ie Sonraí faoin Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge.
- TEG www.teg.ie Scrúduithe le haghaidh foghlaimoirí aosacha na Gaeilge
- Údarás na Gaeltachta www.udas.ie Údarás Réigiúnach na Gaeltachta
- Further Education & Training Course Hub www.fetchcourses.ie
- Creidim Ionat Acmhainní, áiseanna agus suíomhanna úsáideacha www.forasnagaeilge.ie/acmhainni-aiseanna-agus-suiomhanna-usaideacha



Obair dheonach

Is bealach iontach é an obair dheonach le cur le do thaithí. Tá deiseanna ar fáil in earnálacha éagsúla, mar shampla, sna meáin, sna healaíona agus ag obair leis an óige.

Na healaíona

Féach ar féilte bliantúla, mar shampla, IMRAM Féile Litríochta Gaeilge agus Oireachtas na Samhna. Tá rólanna éagsúla ar fáil do chriú an Oireachtais: ar an deasc eolais, ag díol ticéid, ag plé leis na meáin shóisialta, nó maoirseacht ar cheolchoirmeacha, comórtais agus imeachtaí eile. Bíonn féile bhliantúil ag IMRAM, agus bíonn imeachtaí eile ar siúl acu le linn na bliana. Is fiú teagmháil a dhéanamh le féilte agus ócáidí Gaelacha le féachaint an bhfuil oibrithe deonacha de dhíth orthu. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ar fáil le foilsitheoirí nó ag eagraíochtaí ealaíne.

Na meáin

Téigh i dteagmháil le comhlachtaí léiriúcháin agus stáisiúin raidió le féachaint an bhfuil deiseanna acu d'oibrithe deonacha. Bíonn deiseanna rialta ag Raidió na Life d'oibrithe deonacha ar spéis leo a bheith ag obair sna meáin, a bheith ag plé le taighde, cúrsaí ceoil, na meáin shóisialta nó láithreoireacht.

Aistriúchán agus scríbhneoireacht

Tá rogha leathan aipeanna a aistríodh go deonach. Má tá spéis agat san aistriúcháin, is fiú teagmháil a dhéanamh leis an Ríomhacadamh, grúpa deonach a d'aistrigh leithéidí Gmail, WhatsApp, Firefox agus Twitter.

Téigh i dteagmháil le hirísí le féachaint an bhfuil deiseanna scríbhneoireachta nó eagarthóireachta, mar shampla, Tuairisc.ie, Nós, nó ExtraG.ie.

Oideachas

Eagraíocht oideachais iad Kinia a chuireann traenáil ar fáil d'oideachasóirí agus deiseanna éagsúla do dhaoine óga. Tá deiseanna d'oibrithe deonacha leis na féilte tecineolaíochta atá acu agus leis an gclár Léigh Liom.

D'fhéadfadh deiseanna a bheith ag eagraíochtaí oideachais, mar shampla, comhdhálacha COGG.

An óige

Féach i do chomhphobal an bhfuil clubanna óige Gaelacha nó clubanna obair bhaile. Bíonn oibrithe deonacha ag teastáil freisin ó champaí samhraidh.

Comhphobal

Má tá imeachtaí nó ranganna Gaeilge i do cheantar, téigh i dteagmháil leo le féachaint an bhfuil cuidiú de dhíth orthu. Bíonn an-chuid imeachtaí, ranganna agus deiseanna eile ar fud na tíre ag Conradh na Gaeilge.

Cúig leid agus tú sa tóir ar obair dheonach ...

1. Smaoinigh ar an taithí atá uait agus na spéiseanna atá agat! Tá deiseanna ar fáil in earnálacha éagsúla.
2. Bí réalaióch faoin méid ama atá agat: Mura bhfuil am agat le tabhairt go seachtainiúil nó go míosúil, féach ar na deiseanna a mhaireann lá nó roinnt laethanta, mar shampla, féile nó comhdháil.
3. CV agus litir chumhdaigh: Bíodh CV agus litir chumhdaigh réidh agat agus eolas ann faoi na spéiseanna atá agat agus cén fáth gur mhaith leat taithí a fháil san earnáil sin.
4. Bain úsáid as suíomhanna d'oibrithe deonacha, mar shampla, Obair Dheonach Éireann. Bíonn deiseanna leis an nGaeilge fógartha go rialta ar Scéal.ie faoi Folúntais. Bain úsáid as LinkedIn freisin, agus téigh i dteagmháil le heagraíochtaí sna hearnálacha ar a bhfuil tú ag breathnú.
5. Cruthaigh do dheis féin! Bí tiomanta, agus tosnaigh podchraoladh nó cainéal ar na meáin shóisialta, nó má tá spéis agat in earnáil faoi leith agus mura bhfeiceann tú deiseanna, téigh i dteagmháil le comhlachtaí san earnáil sin! ●

Acmhainní

Acmhainní Ginearálta

- Scéal.ie www.scéal.ie/foluntais
- Obair Dheonach Éireann www.volunteer.ie
- Active Link www.activelink.ie
- The Wheel www.wheel.ie/jobs

Na healaíona

- Oireachtas na Samhna www.antoireachtas.ie
- Ealaín na Gaeltachta www.ealain.ie
- Conradh na Gaeilge www.cnag.ie
- An Taibhdhearc www.antaibhdhearc.com

Litríocht

- IMRAM Féile Litríochta Gaeilge www.imram.ie
- Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge www.aontasnascribhneoiri.ie
- Cló Iar Chonnacht www.cic.ie
- Leabhar Breac www.leabharbreac.com
- Futa Fata www.futafata.ie
- LeabhairComhar www.comhar.ie
- An Gúm www.forasnagaeilge.ie/fuinn/an-gum
- An tSnáthaid Mhór www.antsnathaidmhor.com

Na meáin

Irisí

- Tuairisc.ie www.tuairisc.ie
- Nós www.nos.ie
- An Páipéar www.anpáipéar.ie
- Meon Eile www.meoneile.ie
- ExtraG.ie www.extrag.ie

Raidió

- Raidió na Life www.raidionalife.ie
- Raidió na Gaeltachta www.rnag.ie
- Blas www.bbc.co.uk/northernireland/irish/blas
- Splanc ar Newstalk www.newstalk.com
- Raidió RíRá www.rrr.ie
- Raidió Fáilte www.raidiofailte.com
- Splanc ar Newstalk www.newstalk.com/splanc

Teilifís agus na meáin dhigiteacha

- TG4 www.tg4.ie
- Abú Media www.abumedia.com
- Animo www.animotv.ie
- Fíbin www.fibinmedia.ie
- Nemeton www.nemeton.ie Cuireann oiliúint ar fáil i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
- Red Shoe Productions www.redshoe.ie
- Rosg www.rosg.ie
- Telegael www.telegael.com
- Tua Media www.tuafilms.com
- Danú Media www.danumedia.com
- Lorg Media www.lorgmedia.ie

Aistriúchán agus scríbhneoireacht

- An Ríomhacadamh www.riomhacadamh.wordpress.com

Oideachas

- COGG www.cogg.ie
- Kinia www.kinia.ie
- Gaeloideachas www.gaeloideachas.ie

An óige

- Scéal.ie www.scéal.ie/2022/01/clubanna-oige-gaeilge-in-ann-teacht-le-cheile-aris-tar-eis-briseadh-dha-bhliain
- Muintearas www.muintearas.com
- Ógras www.ogras.ie
- Coláiste na bhFiann www.cnb.ie
- Tuismitheoirí na Gaeltachta www.tuismitheoiri.ie
- Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh www.colaistigaeilge.ie
- Comhar Naíonraí na Gaeltachta www.comharnaionrai.ie
- Altram www.altram.org

Comhphobal

- Scéal.ie www.scéal.ie/larionaid
- Gael Linn www.gael-linn.ie
- Glór na nGael www.glornangael.ie
- Údarás na Gaeltachta www.udaras.ie
- Gaelphobal www.gaelphobal.ie



Is í ár dteanga féin í.

Coigil aithinne d'aislinge:
scaradh léi is éag duit.

 Foras na Gaeilge

BAILE ÁTHA CLIATH · BÉAL FEIRSTE · RÁTH CHAIRN · DÚN SEACHLAINN · GAOTH DOBHAIR



gradireland